An tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais



# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2017



# Ráiteas Misin

## Díospóidí idir tomhaltóirí agus soláthraithe seirbhísí airgeadais a réiteach go cóir, go tráthúil agus go neamhchlaonta agus cur le timpeallacht na seirbhísí airgeadais a fheabhsú do gach tomhaltóir.

Baineann an Tuarascáil Bhliantúil deiridh seo de Bhiúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais atá díscaoilte anois leis an tréimhse ó mhí Eanáir go mí na Nollag 2017, agus cuirtear í i láthair an Aire Airgeadais, agus an Aire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí de réir Alt 36 d'Acht an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean, 2017.

Arna foilsiú ag

An tOmbudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean 2018

Teach Lincoln, Plás Lincoln, Baile Átha Cliath 2, D02 VH29

## Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| **Ráiteas Misin** | |
| **Tuairisc an Chathaoirligh** | **3** |
| **Comhairle an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais** | **4** |
| Feidhmeanna na Comhairle | 4 |
| Comhaltaí Comhairle | 5 |
| Freastal, Táillí agus Speansais | 7 |
| Fochoistí na Comhairle | 7 |
| **Réamhfhocal ón Ombudsman** | **8** |
| **Gearáin a Bhainistiú** | **10** |
| Gearáin a dúnadh trí Sheirbhís Réitigh Díospóidí | 11 |
| Gearáin a dúnadh trí Bhreithniú agus Seirbhísí Dlí | 12 |
| Toradh na gCinntí | 12 |
| **Athbhreithniú Dlíthiúil** | **13** |
| Achomhairc os comhair na nUaschúirteanna | 13 |
| Imeachtaí Dlí a thosaigh an OSA in 2017 | 13 |
| **Príomhfhorbairtí Reachtaíochta** | **14** |
| Teorainneacha Ama | 14 |
| Díscaoileadh an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais | 14 |
| **Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara** | **15** |
| **Rialachas Corparáideach agus Forbairt Eagraíochtúil** | **16** |
| Pleanáil Straitéiseach | 16 |
| Acmhainní Daonna | 17 |
| An tAcht um Míchumas, 2005 | 17 |
| Saoráil Faisnéise | 17 |
| Nochtadh Cosanta | 17 |
| Áitreabh | 18 |
| Forléargas ar Úsáid Fuinnimh | 18 |
| Comhaltaí Foirne | 18 |
| **Na Ráitis Airgeadais** | **21** |
| An Ráiteas Rialachais | 24 |
| An Ráiteas ar Rialú Inmheánach | 27 |



# Tuairisc an Chathaoirligh



**Is mór agam Tuarascáil Bhliantúil Bhiúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais le haghaidh 2017 a chur i láthair. Ceapadh mé mar Chathaoirleach ar Chomhairle an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais i mí Eanáir 2017 agus cheana féin tá athruithe suntasacha feicthe agam san eagraíocht.**

Bhí dhá athrú mhóra ar an reachtaíocht in 2017; ar an gcéad dul síos, achtaíodh Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (Leasú), 2017. Mar gheall air sin bhí roinnt gearánach in ann gearáin a chur faoi bhráid na hOifige seo, a mbeadh bac orthu roimhe seo seans faoi riail na sé bliana. Ar an dara dul síos, d'achtaigh an tAire Airgeadas Acht an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean, 2017 i mí Iúil 2017, agus bhí a thús feidhme an 1 Eanáir 2018, as ar eascair cónascadh an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais (OSA) agus Oifig an Ombudsman Pinsean. Beidh tionchar suntasach ag an dá phíosa reachtaíochta sin ar oibríocht na heagraíochtaí sna blianta amach romhainn.

In 2017, chuir an OSA a straitéis bliana i gcrích, a éilíodh sula gcónascfaí an OSA agus Oifig an Ombudsman Pinsean. Ó 2018 ar aghaidh, táirgfidh an t-aonán nua-chónasctha straitéis trí bliana agus mar ullmhú dó sin, chuir an Chomhairle agus foireann ardbhainistíochta OSA tús in 2017 le próiseas cuimsitheach chun an plean straitéiseach nua sin a chruthú. Táimid uaillmhianach don eagraíocht nua agus leagfar amach inár straitéis treoir na hOifige amach anseo agus cinnteofar go bhfuil an tOmbudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean (OSAP) nuabhunaithe i suíomh straitéiseach chun riachtanais na bpáirtithe leasmhara ar fad a thuar, agus freagairt dóibh, sna blianta amach romhainn.

Mar eagraíocht neamhspleách, maoiníodh an OSA le tobhach ar sholáthraithe seirbhísí airgeadais. In 2017, shocraigh an Chomhairle athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras tobhaigh. I ndiaidh próiseas tairisceana, tá an t-athbhreithniú sin ar bun faoi láthair agus cuirfear toradh an athbhreithnithe in iúl do na páirtithe leasmhara ar fad in am trátha.

I ndiaidh do théarma roinnt Comhaltaí Comhairle dul in éag i mí Dheireadh Fómhair 2016, cuireadh tús le próiseas earcaíochta na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí, chun Comhaltaí nua a earcú agus ceapadh roinnt Comhaltaí Comhairle nua in 2017. Tarraingítear aird ar na Comhaltaí Comhairle ar fad ar leathanach 5.

Mar Chathaoirleach, tá áthas orm a thuairisciú gur chomhlíon na táillí agus speansais a íocadh leis na comhaltaí Comhairle in 2017 forálacha an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit go hiomlán, lena n-áirítear an prionsabal 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin'.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'obair mo chomh-Chomhaltaí Comhairle as a dtacaíocht agus a dtreoir leanúnach ar feadh 2017. Inár ról maoirseachta, déanaimid iarracht i gcónaí éifeachtúlacht agus éifeachtacht an Ombudsman a athbhreithniú go rialta. Ba mhaith liom aitheantas faoi leith a thabhairt don mhéid a rinne na Comhaltaí Comhairle ina róil faoi seach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus ar an gCoiste Airgeadais. Is cuid thábhachtach iad na coistí sin dár gcreat rialachais foriomlán, a aithníonn ról reachtúil agus cuntasachta an Ombudsman chomh maith lenár ról maoirseachta agus feidhmeanna reachtúla féin mar Chomhairle. Thar ceann na Comhairle, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Ombudsman agus lena fhoireann ar fad, a thugtar ar leathanach 19 den tuarascáil seo, a lean orthu ag obair go fuinniúil agus go díograiseach chun sainordú reachtúil an Bhiúró a chomhlíonadh agus chun ullmhú do thús feidhme na heagraíochta nua-chónasctha in 2018.

Toisc gur cuireadh tús le cónascadh an OSA agus Oifig an Ombudsman Pinsean i mí Eanáir 2018, is í seo an Tuarascáil Bhliantúil deiridh don OSA. Leanfaidh an OSAP nuabhunaithe ar aghaidh ag freastal ar riachtanais na bpáirtithe leasmhara ar fad agus féachfaidh sé le bheith ina eiseamláir dea-chleachtais sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha



**Maeve Dineen**

An Cathaoirleach

Comhairle an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean

# Comhairle an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais

## Feidhmeanna na Comhairle

Cheap an tAire Airgeadais Comhairle an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais (an Chomhairle) faoi Alt 57BC d'Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, 2004.

Ba iad príomhfheidhmeanna na Comhairle, mar a leagadh síos san Acht iad:

- **Treoirlínte a fhorordú faoina bhfeidhmeodh Biúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais (an Biúró);**
- **Na tobhaigh agus muirir iníoctha as seirbhísí an Ombudsman a dhéanamh a chinneadh;**
- **An tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais (an tOmbudsman) agus na Leas-Ombudsmain um Sheirbhísí Airgeadais ar fad a cheapadh;**
- **Éifeachtúlacht agus éifeachtacht an Bhiúró a athbhreithniú i gcónaí agus comhairle a chur ar an Aire Airgeadais, ar iarratas an Aire nó as a stuaim féin, ar aon ábhar a bhainfeadh le hoibriúchán an Bhiúró;**
- **Comhairle a chur ar an Ombudsman ar aon ábhar a n-iarrfadh sé comhairle faoi;**
- **Tabhairt faoi na gníomhaíochtaí sin a forordaíodh san Acht.**

## Comhaltaí Comhairle

Cheap an tAire Airgeadais Cathaoirleach agus comhaltaí na Comhairle, i ndiaidh dul i gcomhairle leis an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta. D'éiligh an tAcht go mbeadh nach lú ná cúigear comhaltaí agus nach mó ná deichniúr comhaltaí, ar dhiscréid an Aire, ar an gComhairle.

De bharr go ndeachaigh téarmaí cúigear comhaltaí Comhairle in éag i dtreo dheireadh 2016, cruthaíodh cúpla folúntas. In 2017, cheap an tAire Maeve Dineen (an Cathaoirleach) agus Don Gallagher agus d'athcheap Elizabeth Walsh agus Dermott Jewell ar an gComhairle, le héifeacht ón 9 Eanáir 2017.

Tugadh faoin bpróiseas roghnaithe do cheapacháin na Comhairle in 2017 de réir na cáipéise "*Guidelines on Appointments to State Boards*" a d'fhoilsigh an Rialtas i mí na Samhna 2014, agus bhainistigh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí an próiseas.

## In 2017, bhí na comhaltaí seo a leanas ar an gComhairle:



### Maeve Dineen (An Cathaoirleach)

Is sainchomhairleoir cumarsáide straitéisí í Maeve Dineen a oibríonn le roinnt de na cuideachtaí atá liostaithe go poiblí is mó clú in Éirinn. Tá céim san Eolaíocht Talmhaíochta ó UCD agus Máistreacht sa Chumarsáid ó Ollscoil na Banríona/DCU aici. D'fhreastail sí ar Ollscoil Harvard in Boston le deireanaí, chun a chlár feidhmeannach clúiteach 'Women on Boards' a chur i gcrích. Is iar-iriseoir í Maeve, a chaith cuid mhór dá gairm sna meáin agus bhí sí ina hEagarthóir Gnó ar nuachtán an Irish Independent ó 2008 go 2014.



### Valerie Bowens

Is Bainisteoir Sinsearach í Valerie Bowens (B.Comm., Máistreacht sa Staidéar Gnó, Dioplóma i nDlí na Seirbhísí Airgeadais [UCD]) ag a bhfuil taithí fhorleathan ar chomhlíonadh agus rialáil le breis agus fiche bliain. Tá sí ina Stiúrthóir um Chomhlíonadh Rialála in Dillon Eustace Solicitors faoi láthair. Tá sí ina comhalta freisin de Bhord an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) agus tá sí ar a Choiste Rialachais. Chomh maith leis sin, is comhalta Boird í de Investor Compensation Company Limited. Go dtí deireanach in 2014, bhí sí ina Stiúrthóir Bainistíochta agus ina Ceann Tíre Comhlíonta in BNY Mellon, agus roimhe sin bhí róil aici mar Rialálaí Sinsearach sa Bhanc Ceannais agus mar Bhainisteoir Sinsearach in AIB. Tá sí ina comhalta den Institiúid Stiúrthóirí agus den Association of Compliance Officers in Ireland.



### Don Gallagher

Is é Don Gallagher Príomhfheidhmeannach an Údaráis Árachais Sláinte. Tá M.Sc. sa Bhainistíocht ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ag Don agus is Príomhfheidhmeannach idirnáisiúnta ag a bhfuil go leor taithí é, a bhainistigh agus a d'fhóin ar bhoird cuideachtaí árachais agus bainistíochta maoine náisiúnta agus idirnáisiúnta. Le deireanaí, bhí Don ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin d'fhochuideachta Eorpach árachóir saoil domhanda mór le rá. Roimhe sin, bhí Don ina Leas-Uachtarán Sinsearach agus ina Stiúrthóir Bainistíochta le hárachóir saoil mór as Ceanada in Éirinn agus i gCeanada.



## Dermott Jewell

Is Comhairleoir Beartais agus Comhairle do Chomhlachas Tomhaltóirí na hÉireann é Dermott Jewell (B.Sc. sa Bhainistíocht [Dlí] [Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath], CIArb.). Áirítear lena ionadaíocht Cathaoirleach/Stiúrthóir ar an Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí, Éire; Stiúrthóir ar an Investor Compensation Company Limited; agus comhalta de Ghrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh. Is ionadaí na hÉireann é ar Ghrúpa Comhairleach do Thomhaltóirí na hEorpa sa Choimisiún Eorpach. Tá creidiúnú ag Dermott i bhFiosrúchán Fostaíochta agus in Idirghabháil, agus is comhalta é d'Institiúid Idirghabhálaithe na hÉireann (MII).




## Ken Murnaghan

Is comhalta é Ken Murnaghan de bhord bainistíochta Finance Ireland, grúpa seirbhísí airgeadais faoi úinéireacht phríobháideach a dhíríonn ar airgeadas maoine, mótair, gnóthas beag agus meánmhéide agus talmhaíochta. I measc a ról roimhe seo, bhí Ceann na Baincéireachta Gnó i nGrúpa Bhanc Uladh, agus roinnt post eile sa Fhrainc, in Éirinn agus i Hong Cong le AIB, PWC agus EY. Is céimí gnó é Ken de chuid an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, ánra de chuid Chartered Accountants Ireland, agus ánra den Institiúid Baincéireachta.



## Deborah Reidy

Is Stiúrthóir ar Chomhairleoireacht Infheistíochta í Deborah Reidy le haghaidh Aon Hewitt in Éirinn. Roimhe sin, bhí sí ina Ceann ar Roghnú Bainisteoirí Infheistíochta le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta don Chúlchiste Náisiúnta Pinsean agus ina Comhpháirtí in Mercer. Sular bhog sí go hÉirinn, bhí go leor post ag Deborah le bainisteoirí infheistíochta éagsúla a bhí lonnaithe i Nua-Eabhrac, lena n-áirítear The Bank of New York agus Rockefeller and Company. Tá sí rannpháirteach ar Chomhairle Stiúrtha an 30% Club, a fhéachann le dul i ngleic le cothromaíocht inscne ar bhoird agus bhí sí ina comhairleoir roimhe seo don CFA Institute.



## Elizabeth Walsh

Is aturnae í Elizabeth Walsh (BCL UCD) atá ag cleachtadh a gairme agus breis agus 30 bliain taithí aici i gcleachtadh ginearálta. Is idirghabhálaí creidiúnaithe í agus ionadaí dlí meabhairshláinte. D'fhóin sí mar Uachtarán ar an Limerick Solicitors' Bar Association ó 2008 go 2010..

## Freastal, Táillí agus Speansais

Bhí seacht ngnáthchruinniú ag an gComhairle in 2017.

Bhí na táillí iníoctha leis an gCathaoirleach agus leis na comhaltaí Comhairle le haghaidh 2017 ag rátaí a cheadaigh agus a d'fhaomh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Fuair na comhaltaí Comhairle táille bhliantúil pro rata €12,600 agus fuair an Cathaoirleach táille pro rata €21,600. In 2017, ní bhfuair comhalta Comhairle amháin táille ar bith faoin bprionsabal 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin'. Cuireadh éilimh ar athíocaíocht speansais taistil agus chothabhála ag rátaí reatha na hearnála poiblí isteach agus íocadh iad go ráithiúil.

Leagtar amach sceideal de Fhreastal, Táillí agus Speansais 2017 thíos:

| Ainm | Cruinnithe ar ar freastalaíodh | Táillí 2017 | Speansais 2017 |
|---|---|---|---|
| Maeve Dineen (An Cathaoirleach) | 7/7 | €20,769 | €0.00 |
| Valerie Bowens | 6/7 | €12,600 | €0.00 |
| Don Gallagher | 7/7 | €0.00* | €0.00 |
| Dermott Jewell | 6/7 | €12,115 | €0.00 |
| Ken Murnaghan | 7/7 | €12,600 | €0.00 |
| Deborah Reidy | 6/7 | €12,600 | €217.00 |
| Elizabeth Walsh | 7/7 | €12,115 | €246.86 |

**Ní bhfuair comhalta Comhairle amháin, Don Gallagher, táille Comhairle faoin bprionsabal 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin'.*

Íocadh éilimh ar speansais taistil agus chothabhála in 2017 le hiarchomhalta Comhairle, do speansais a tabhaíodh in 2016. Ní raibh na figiúirí thíos ina gcuid de chaiteachas taistil agus cothabhála a tuairiscíodh i dTuarascáil Bhliantúil 2016, agus tá siad sa bhreis ar na speansais sin a tuairiscíodh roimhe seo mar sin.

| Speansais | Comhalta |
|---|---|
| Caitriona Ní Charra | €807.00 |

## Fochoistí na Comhairle

Bhunaigh an Chomhairle dhá Choiste chun cabhrú le rialachas agus le hobair na Comhairle i dtaca lena feidhmeanna reachtúla a chur chun cinn. In 2017, ba iad sin: An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca; agus an Coiste Airgeadais.

Tugtar comhaltacht na gCoistí sin, agus freastal orthu i rith 2017, thíos agus dheimhnigh an bheirt Chathaoirleach go bhfuil siad sásta gur tugadh faoi na dualgais ar fad go hiomchuí sa bhliain.

### An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

| Comhalta | Freastal |
|---|---|
| Ken Murnaghan (An Cathaoirleach) | 3/3 |
| Valerie Bowens | 3/3 |
| Dermott Jewell | 2/3 |

### An Coiste Airgeadais

| Comhalta | Freastal |
|---|---|
| Deborah Reidy (An Cathaoirleach) | 4/4 |
| Elizabeth Walsh | 4/4 |
| Don Gallagher | 4/4 |

# Teachtaireacht an Ombudsman



## Bhí athrú mór i gceist do Bhiúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais (BOSA) i rith na bliana atá á hathbhreithniú sa Tuarascáil Bhliantúil deiridh seo.

Ba é an t-athrú ba shuntasaí díscaoileadh an Bhiúró an 1 Eanáir 2018 ar thosach feidhme Acht an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean, 2017 ("Acht 2017"). Díscaoileadh Oifig an Ombudsman Pinsean freisin faoi Acht 2017 agus cónascadh an dá oifig mar a bhíodh chun Oifig an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean a bhunú.

Ceapadh mise mar an tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais in 2015, mar an tOmbudsman Pinsean in 2016, agus nuair a achtaíodh Acht 2017, ceapadh mé mar an tOmbudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean.

Tugann an tuarascáil seo forléargas ar obair agus gníomhaíochtaí BOSA, mar aon leis na costais ar bhain leo do bhliain airgeadais 2017. Ba cheart í a léamh i gcomhar le m'Athbhreithniú Bliantúil do 2017 a foilsíodh i mí an Mhárta 2018.

Leanamar orainn ag cur athrú suntasach i bhfeidhm in 2017 agus muid ag cur Plean Straitéiseach deiridh an OSA i bhfeidhm. Bhí sé d'aidhm le Plean Straitéiseach 2017 leanúint ag ardú an chaighdeáin do chosaint tomhaltóirí agus láimhseáil gearán trí theicnící idirghabhála agus, murar réitíodh díospóidí trí chomhaontú na bpáirtithe, trí imscrúdú agus breithniú cóir agus neamhchlaonta. Ba phríomhaidhm é seirbhís réitigh díospóidí níos tapa, níos simplí agus níos neamhfhoirmiúla a chur ar fáil. Tugadh an tsamhail nua seo de chur chuige dírithe ar idirghabháil chun díospóidí a réiteach isteach i mí Feabhra 2016, agus léirigh sé athrú ó bhonn ar sholáthar seirbhísí an OSA. Chomh maith leis sin, tugadh cinntí tosaigh isteach sa phróiseas breithnithe nuair a cuireadh an clár athruithe sin i gcrích.

Mar thoradh ar an gclár athruithe, baineadh leas as idirghabháil, ar an nguthán agus trí ríomhphost agus i gcruinnithe, mar an chéad rogha agus an rogha ab fhearr linn chun gearáin a réiteach. Trí phlé go díreach leis na páirtithe, bhíomar in ann réiteach tráthúil agus sásúil a bhaint amach. Astu siúd a bhí páirteach sa phróiseas sin le dhá bhliain anuas, d'éirigh le hos cionn 75% a ngearán a réiteach. Sa chás nár réitigh na hidirghabhálacha luatha sin an díospóid, leanamar lenár gcumhachtaí cuimsitheacha a úsáid chun gearáin a imscrúdú agus a bhreithniú go cóir agus go neamhchlaonta. Tá na sonraí iomlána faoin gcaoi ar réitíodh gearáin in 2017 sa rannóg *'Gearáin a Bhainistiú'* den Tuarascáil seo.

Tharla ceann de na forbairtí reachtaíochta is suntasaí ó bunaíodh an OSA in 2017. I mí Iúil, achtaíodh Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (Leasú), 2017. Chuir an reachtaíocht sin síneadh ama leis an tréimhse ina bhféadfadh tomhaltóirí a d'úsáid táirgí seirbhísí airgeadais fadtéarmacha gearán a chur faoi bhráid an OSA. Mar fhreagra air sin, d'athraíomar ár gcuid seirbhísí chun an t-athrú reachtaíochta sin a chur i bhfeidhm go hiomlán agus chun síneadh na dteorainneacha ama chun gearán a dhéanamh a léiriú, chomh maith le catagóiriú nua cinntí agus teorainneacha ama leasaithe d'achomhairc os comhair na hArd-Chúirte.

Cuireadh na hathruithe sin i bhfeidhm agus níos mó teagmhálacha agus gearán á mbainistiú, ceisteanna agus gearáin faoi mhorgáistí rianúcháin ina measc. D'earcaíomar foireann bhreise in 2017 freisin, agus d'atheagraíomar ár n-oifigí chun áiseanna níos fearr agus seirbhísí breise a chur ar fáil dár gcustaiméirí.

Mar ullmhúchán d'achtú Acht 2017, cuireadh de chúram ar fhoireann tionscadal, ina raibh comhaltaí foirne ón dá eagraíocht, na socruithe riachtanacha a dhéanamh le haghaidh dhíscaoileadh an OSA agus Oifig an Ombudsman Pinsean faoin 31 Nollaig 2017 agus le haghaidh bhunú an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean an 1 Eanáir 2018.

Is féidir cinneadh atá ina cheangal de réir an dlí a achomharc os comhair na hArd-Chúirte. In 2017, bhí deich gcinneadh, roinnt díobh a bhain le cinntí a eisíodh sna blianta roimhe sin, faoi réir imeachtaí achomhairc.

Ba iad na gearáin ó thomhaltóirí faoi iompraíocht a soláthraí seirbhísí airgeadais agus an chaoi ar stiúir siad morgáistí an chatagóir gearán ba mhó in 2017; fuarthas 1,174 gearán incháilithe faoi mhorgáistí, nó 26% den iomlán. Bhí gearáin faoi mhorgáistí rianúcháin ina gcuid mhór díobh siúd. Faoi dheireadh mhí na Nollag bhí díreach faoi bhun 600 gearán faoi mhorgáistí rianúcháin idir lámha againn.

Leanamar ag plé go forleathan le réimse leathan páirtithe leasmhara i rith 2017, lena n-áirítear an Roinn Airgeadais agus coistí Oireachtais, comhlachtaí ionadaíochta do thomhaltóirí agus urlabhraithe. Ina theannta sin, bhíomar ag plé le hionadaithe tionscail. Leanamar lenár ndlúthchomhar le Banc Ceannais na hÉireann, agus béim ar leith in 2017 ar fhadhbanna a bhain le morgáistí rianúcháin.

Thosaigh an tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais i mbun gnó an 1 Aibreán 2005. Idir sin agus mí na Nollag 2017, nuair a tháinig deireadh leis, fuair an OSA os cionn 73,000 gearán. Bhí 3,134 díobh siúd fós oscailte amhail an 31 Nollaig 2017 agus aistríodh iad go dtí an tOmbudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean i mí Eanáir 2018.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo siúd ar fad a chuir le hobair an eagrais sa 12 bhliain a raibh sé i mbun gnó agus aitheantas a thabhairt dóibh. Rinne an t-eagras difríocht thábhachtach i saol go leor tomhaltóirí. Thosaigh roinnt den fhoireann leis an OSA mar chuid den chéad chónascadh in 2005 agus lean siad lena róil thábhachtacha ar feadh shaolré an OSA agus is cuid anois iad den OSAP. Tá roinnt tagtha agus imithe i rith an 12 bhliain agus tháinig daoine nua eile atá anois leis an OSAP. Bhí ról tábhachtach acu ar fad sa tseirbhís an-tábhachtach seo a chur ar fáil agus ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil leo ar fad as an méid a chuir siad le hobair an OSA le himeacht na mblianta.

I gcás ár n-éachtaí in 2017, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Leas-Ombudsman, Elaine Cassidy, na stiúrthóirí seirbhísí, bainisteoirí agus an fhoireann ar fad as a dtiomantas agus a ndíograis leanúnach a chinntíonn go gcuirimid an tseirbhís is fearr is féidir ar fáil. Rinne na comhaltaí foirne a ndualgas agus i bhfad níos mó ná sin go mion minic i mbliain a bhí thar a bheith gnóthach agus dúshlánach. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin d'fhoireann Oifig an Ombudsman Pinsean as a gcomhoibriú agus a dtacaíocht.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach, Maeve Dineen, agus le comhaltaí uile Chomhairle an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais as a dtacaíocht agus a gcúnamh i rith 2017.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis na gearánaigh agus leis na soláthraithe seirbhísí airgeadais a chomhoibríonn go leanúnach lenár bpróisis nua chun leasa gach duine atá páirteach iontu.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Aire Airgeadais agus a oifigigh as a dtacaíocht agus a gcomhoibriú leanúnach. Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo siúd ar fad a thug aiseolas dúinn. Tá an t-aiseolas sin lárnach sa chaoi a gceapann agus a soláthraímid ár bpróisis agus is mór an chabhair dúinn é agus muid ag feabhsú ár seirbhísí.

Tabharfaidh an OSAP nua obair an dá eagraíocht a tháinig roimhe le chéile agus neartóidh sé í. Táim muiníneach gur féidir leis an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean, le tiomantas leanúnach gach duine, tógáil ar an méid a bhain an dá oifig amach agus taithí níos fearr a sholáthar do chustaiméirí.



**Ger Deering**

An tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais

# Gearáin a Bhainistiú

**Ba é príomhfheidhm an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais idirghabháil, fiosrú agus breithniú a dhéanamh, go neamhchlaonta agus go neamhspleách, ar ghearáin ó thomhaltóirí aonair agus ó ghnóthaí beaga a raibh díospóidí nár réitíodh acu le soláthraithe seirbhísí airgeadais rialáilte.**

Tá miondealú cuimsitheach ar ár ngníomhaíocht in 2017 le fáil inár nAthbhreithniú Bliantúil ar 2017, atá ar fáil ar www.fspo.ie. Tugtar forléargas achoimre ar ár ngníomhaíocht in 2017 anseo thíos.

Fuair an oifig **4,716** gearán in 2017, i gcomparáid le 4,513 a fuarthas in 2016. Bhí **178** gearán neamh-incháilithe in 2017, a d'fhág **4,538** gearán bailí.

Measadh go raibh gearáin neamh-incháilithe mar gur tháinig siad faoi shainchúram ombudsman eile nó bhain siad le táirgí agus le seirbhísí nó le soláthraithe seirbhísí nár tháinig faoi shainchúram na hoifige seo.

As an **4,538** gearán bailí a fuarthas in 2017, bhain **52%** le táirgí baincéireachta agus bhain **42%** le hárachas. Bhain an **6%** eile le táirgí infheistíochta.


Fuaireamar **1,729** gearán ar líne in 2017. Is ionann sin agus thart ar aon trian de na gearáin ar fad a fuarthas. D'fhreagair ár bhfoireann Seirbhísí Corparáideacha agus Faisnéise os cionn **15,900** glaoch gutháin agus os cionn **8,000** ceist eolais ghinearálta ar ríomhphost in 2017.

Lean ár láithreán gréasáin ag fáil líon suntasach cuairteoirí, le hos cionn **67,365** cuairteoir uathúil in 2017.

In 2017, fuair **1,482** gearán cúiteamh, ceartú nó sásamh airgeadais de shaghas éigin

.

**4,716**
gearán a fuarthas in 2017




**15,900**
teagmháil ar an nguthán

**1,729**
gearán ar líne

**67,365**
cuairteoir uathúil ar ár láithreán gréasáin

**Gearáin dúnta tar éis clárú, tarchuir agus beart leantach:** Ba ghearáin iad seo a fuaireamar ach nár chuir an gearánach i gcrích go hiomlán.

Go hiondúil, tharla sé sin mar nár chuir an gearánach an soláthraí seirbhísí airgeadais ar an eolas faoin bhfadhb ar dtús, mar a éilítear faoin reachtaíocht. Chuaigh foireann na Seirbhísí Faisnéise dár gcuid i dteagmháil leis an ngearánach agus mhínigh siad an chaoi leis an bpróiseas gearán a chur i gcrích. Ina dhiaidh sin, murar chualamar ón ngearánach, chuamar i dteagmháil arís leis an ngearánach le ceist a chur ar mhaith leo leanúint ar aghaidh leis an ngearán. Ag brath ar an bhfreagra, leanadh ar aghaidh leis an ngearán nó dúnadh é.

**Gearáin neamh-incháilithe:** Ba ghearáin iad seo a tháinig faoi shainchúram Ombudsman eile nó a bhain le táirgí agus le seirbhísí nó le soláthraithe seirbhísí nár tháinig faoi shainchúram na hoifige seo. Nuair ab fhéidir, cuireadh an gearánach ar aghaidh chuig an gcomhlacht iomchuí.

| Cúis an Dúnta | Líon Gearán |
|---|---|
| Gearáin dúnta tar éis clárú, tarchuir agus beart leantach | 1,040 |
| Gearáin neamh-incháilithe | 162 |
| **Iomlán** | **1,202** |

## Gearáin a dúnadh trí Sheirbhís Réitigh Díospóidí

**Socrú trí Réiteach Díospóidí:** Ba ghearáin iad seo a réitíodh le comhaontú na bpáirtithe i ndiaidh idirghabhála, ina bhfuair an gearánach sásamh agus/nó cúiteamh.

**Soiléiriú trí Réiteach Díospóidí:** Ba ghearáin iad seo a réitíodh le comhaontú na bpáirtithe i ndiaidh idirghabhála, inar ghlac an gearánach le soiléiriú ar an gcás idir lámha.

**Tarraingthe siar/Socrú seachtrach:** Ba ghearáin iad seo ar cuireadh in iúl dúinn ina leith gur tarraingíodh siar iad agus iad páirteach sa tSeirbhís Réitigh Díospóidí. Tarraingíodh cuid acu siar mar gur chomhaontaigh na páirtithe ar shocrú eatarthu féin.

| Cúis an Dúnta | Líon Gearán |
|---|---|
| Socrú trí Réiteach Díospóidí | 1,303 |
| Soiléiriú trí Réiteach Díospóidí | 970 |
| Tarraingthe siar/Socrú seachtrach | 97 |
| **Iomlán** | **2,370** |

## Gearáin a dúnadh trí Bhreithniú agus Seirbhísí Dlí

**Cinntí eisithe:** Ba ghearáin iad seo inar tugadh faoi imscrúdú agus breithniú iomlán agus inar eisíodh cinneadh a bhí ina cheangal de réir an dlí.

**Dlínse diúltaithe:** Ba ghearáin iad seo ina bhféadfaí saincheisteanna casta dlínse a tharraingt anuas, agus ina ndearna na Seirbhísí Dlí machnamh orthu, agus ar cinneadh nach raibh aon dlínse ag an OSA tabhairt faoin ngearán.

**Tarraingthe Siar/Socrú:** Ba ghearáin iad seo ar cuireadh in iúl dúinn ina leith gur tarraingíodh siar iad agus iad páirteach sa Bhreithniú nó Seirbhísí Dlí. Tarraingíodh a bhformhór siar mar gur chomhaontaigh na páirtithe socruithe eatarthu féin, fiú ag céim dheireanach sa phróiseas breithnithe. I gcásanna áirithe, socraíodh socruithe nuair a tionóladh éisteacht ó bhéal.

| Cúis an Dúnta | Líon Gearán |
|---|---|
| Cinntí eisithe | 171 |
| Dlínse diúltaithe | 51 |
| Tarraingthe siar/Socrú seachtrach | 73 |
| **Iomlán** | **295** |

## Toradh na gCinntí

I ndiaidh imscrúdú agus breithniú gearáin, eisíodh cinneadh a bhí ina cheangal de réir an dlí don dá pháirtí. Má seasadh leis an ngearán, go hiomlán nó go páirteach, d'fhéadfadh an tOmbudsman ceartú nó cúiteamh a ordú, nó an dá rud, i leith gach ní a ndearnadh gearán faoi nó i leith cuid díobh.

Má sheas an tOmbudsman le gearán go hiomlán nó go páirteach, d'fhéadfadh sé a ordú do sholáthraí seirbhísí airgeadais cúiteamh suas le €250,000 a íoc agus tabhairt faoi cheartú freisin. D'fhéadfadh ceartú dá leithéid a bheith an-suntasach toisc go bhféadfaí duine a chur ar ais sa suíomh ina raibh siad sular tarraingíodh an gearán anuas. D'fhéadfadh sé sin a bheith níos tábhachtaí don ghearánach, i gcásanna áirithe, ná cúiteamh.

### Torthaí

| Cúis an Dúnta | Líon Gearán |
|---|---|
| **Cinntí eisithe** | **171** |
| Seasta leis | 14 |
| Seasta leis go Substaintiúil / go Páirteach<br>Seasta leis go Páirteach* | 80 |
| Diúltaithe | 77 |
| **Dlínse diúltaithe** | **51** |
| **Tarraingthe siar/Socrú seachtrach** | **73** |
| **Iomlán** | **295** |

***Athbhreithniú ar Chatagóirí na gCinntí***
*Mar gheall ar thús feidhme Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (Leasú), 2017, rinneadh athbhreithniú ar chatagóirí na gcinntí. Roimh mhí Iúil 2017, cuireadh na cinntí dá dtagraítear mar 'seasta leis go substaintiúil' nó 'seasta leis go páirteach' sa chatagóir níos leithne 'seasta leis i bpáirt'. Beifear in ann tuairisciú níos mionsonraithe a dhéanamh amach anseo mar gheall ar na catagóirí athbhreithnithe.*

# Athbhreithniú Dlíthiúil

## Achomhairc os comhair na nUaschúirteanna

I rith 2017, murar réitíodh gearán trí phróisis neamhfhoirmiúil, teicnící idirghabhála ina measc, agus má measadh go raibh sé faoinár ndlínse, rinneadh imscrúdú agus breithniú foirmiúil air. Bhí téarmaí chinneadh an Ombudsman ina gceangal de réir an dlí ar an ngearánach agus ar an soláthraí seirbhísí airgeadais, agus ní fhéadfaí iad a achomharc ach os comhair na hArd-Chúirte.

Má dhéantar achomharc leis an Ard-Chúirt, faightear an fhianaise ar fad a tugadh don Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais (OSA) chun críche an bhreithnithe agus scrúdaítear í chun a mheas an ndearna an tOmbudsman an cinneadh i gceart, agus an raibh na nósanna imeachta a tairgeadh do na páirtithe cóir i rith an phróisis cinnteoireachta sin. Má chreideann an Chúirt go raibh cinneadh an OSA neamhfhónta, cuirtear an gearán ar ais chuig an OSA chun machnamh úr a dhéanamh ar an ngearán.

| | Gearánach | Soláthraí Seirbhísí Airgeadais | Iomlán |
|---|---|---|---|
| **An Ard-Chúirt** | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2016 | 4 | - | 4 |
| Tosaithe in 2017 | 7 | 3 | 10 |
| Tarraingthe Siar / Caite Amach / ar Atráth Ginearálta | (4) | (1) | (5) |
| Amhail an 31 Nollaig 2017 | **7*** | **2** | **9** |

**In 2017, d'eisigh cúigear gearánach seacht n-achomharc os comhair na hArd-Chúirte. Bhí dhá ghearán ag beirt díobh siúd, agus dhá achomharc dá bharr sin.*

Ag tús 2017, bhí an OSA ag plé le ceithre achomharc ghníomhacha os comhair na hArd-Chúirte, cás amháin os comhair na Cúirte Achomhairc (rinneadh an t-achomharc in 2013 ach níor liostaíodh é) agus ceann amháin os comhair na Cúirte Uachtaraí inar tugadh breithiúnas ag deireadh 2016, ach a raibh gné na gcostas le plé fós in 2017.

I rith 2017, fuarthas deich n-achomharc nua, trí cinn ó sholáthraithe seirbhísí airgeadais agus seacht gcinn ó chúigear gearánach. As na deich n-achomharc nua a tosaíodh in 2017, tarraingíodh péire siar (ceann amháin ó ghearánach agus ceann amháin ó sholáthraí). I rith na bliana, tarraingíodh siar trí achomharc sheanbhunaithe ó ghearánaigh, nó caitheadh amach iad, nó cuireadh ar atráth ginearálta iad.

Amhail an 31 Nollaig 2017, bhí cás amháin fós os comhair na Cúirte Achomhairc ag an OSA, ach níor liostaíodh é dá éisteacht. Ina theannta sin, bhí naoi n-achomharc os comhair na hArd-Chúirte idir lámha ag an OSA, péire ó sholáthraithe agus seacht gcinn ó chúigear gearánach.

In aon dlíthíocht, féachann an OSA, i ngach cás iomchuí, lena chostais dlí a aisghabháil trí iarratas a dhéanamh leis an gCúirt ar Ordú le haghaidh Costas in aghaidh páirtithe ábhartha sa dlíthíocht. I rith 2017, d'aisghabh an BOSA €64,408 i gcostais dlí, in aghaidh páirtithe éagsúla.

## Imeachtaí Dlí a thosaigh an OSA in 2017

Le cead an ghearánaigh ábhartha, rinne an OSA iarratas leis an Ard-Chúirt chun a chinneadh féin a d'eisigh sé in 2012 a chaitheamh amach, toisc gur cuireadh míchruinneas in iúl dó maidir leis na haighneachtaí i scríbhinn a thug an soláthraí seirbhísí airgeadais i rith an imscrúdaithe sin. D'admhaigh an soláthraí an míchruinneas agus d'aontaigh sé go n-íocfadh sé aon chostais dlí a thabhaigh an OSA agus iarratas á dhéanamh leis an Ard-Chúirt an cinneadh a chaitheamh amach. Cuireadh an gearán faoi bhráid an OSA ansin chun machnamh a dhéanamh air as an nua.

Ar ócáid amháin in 2017, b'éigean don OSA imeachtaí forfheidhmithe a thabhairt i gcoinne soláthraí seirbhísí airgeadais toisc nár íocadh an cúiteamh a ordaíodh sa chinneadh leis an ngearánach.

# Príomhfhorbairtí Reachtaíochta

In 2017, tharla forbairtí dlíthiúla an-suntasach sa chaoi a bhfeidhmíonn an OSA a fheidhmeanna agus cumhachtaí. An 25 Iúil 2017, síníodh Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (Leasú), 2017 ina dhlí. Bhí cúpla éifeacht aige sin ar fheidhmíocht an OSA, agus tugtar breac-chuntas orthu siúd thíos.

## Teorainneacha Ama

Sular achtaíodh an reachtaíocht leasaithe, ní fhéadfadh gearánach gearán a dhéanamh leis an OSA ach faoi iompraíocht a tharla sna sé bliana roimhe sin. Cuireadh an teorainn ama sin i bhfeidhm go docht, agus ní raibh aon tionchar ag easpa eolais an ghearánaigh air. D'athraigh an reachtaíocht leasaithe an teorainn ama sin, chun tréimhse eile a cheadú i leith aon ghearáin faoi "sheirbhís airgeadais fhadtéarmach" chun go bhféadfaí gearán a dhéanamh leis an OSA laistigh de pé acu tréimhsí díobh seo a leanas is deireanaí a chuaigh in éag:

"(a) sé bliana ó dháta na hiompraíochta lena mbaineann;

(b) trí bliana ó cibé dáta is luaithe ná sin ar tháinig an duine atá ag déanamh an ghearáin chun fios a bheith aige, nó ba cheart le réasún fios a bheith aige, i dtaobh na hiompraíochta lena mbaineann; nó

(c) cibé tréimhse is faide a cheadóidh an tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais i gcás inar dealraitheach dó nó di go bhfuil forais réasúnacha lena dteastaíonn tréimhse níos faide agus go mbeadh sé cóir agus cothromasach, sna himthosca go léir, an tréimhse a shíneadh amhlaidh...."

Ba cheart a thabhairt faoi deara sna himthosca nuair a ordaítear frámaí ama an-sonrach faoi fho-ailt (a) agus (b) chun gearáin dá leithéid a dhéanamh, d'éiligh discréid an OSA dá dtagraítear i bhfo-alt (c) ar an OSA, sa chomhthéacs sin, an discréid sin a úsáid i mbealach a bhí cóir agus cothromasach, sna himthosca go léir, tar éis teacht ar an tuairim go raibh forais réasúnacha chun an tréimhse a shíneadh níos faide ná an amlíne a ordaítear faoi fho-ailt (a) agus (b).

Is féidir "seirbhís airgeadais fhadtéarmach" a mhíniú go ginearálta mar (i) táirge nó seirbhís lena mbaineann téarma seasta cúig bliana agus mí amháin nó níos mó, nó (ii) táirge nó seirbhís a chomhlíonann an sainmhíniú ar "árachas saoil".

Bhí sé soiléir ón reachtaíocht gur bhain an teorainn ama shínte sin le haon ghearán a fuair an OSA nár measadh cheana féin go raibh sé oiriúnach le machnamh a dhéanamh air, agus freisin le haon ghearán a rinneadh leis an OSA, sular tháinig an reachtaíocht leasaithe i bhfeidhm, ar diúltaíodh dó roimhe sin toisc go raibh sé taobh amuigh de na teorainneacha ama infheidhme. Éilíodh faoin reachtaíocht leasaithe freisin go gcomhlánódh gearán coinníollacha áirithe a thagann faoi na teorainneacha ama nua le haghaidh gearán faoi "sheirbhís airgeadais fhadtéarmach", go háirithe gur tharla an iompraíocht a bhfuil gearán á déanamh ina leith i rith 2002 nó ina dhiaidh.

Mar gheall ar an leasú sin ar an reachtaíocht rialála tháinig líon suntasach ceisteanna ó ghearánaigh a raibh gnéithe dá ngearán a fuair an OSA roimhe sin taobh amuigh de dhlínse na hoifige ag an am mar gheall ar an tréimhse theoranta sé bliana sin.

Mhéadaigh an reachtaíocht leasaithe an fráma ama freisin, ó 21 lá go 35 lá, le hachomhairc a chur os comhair na hArd-Chúirte ag féachaint le cinneadh ón OSA a chaitheamh amach.

## Díscaoileadh an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais

B'fhorbairt an-suntasach dhlíthiúil ina dhiaidh sin don OSA i rith 2017 gur scoradh dó go hiomlán. Tharla an fhorbairt sin de bharr chónascadh an OSA le hOifig an Ombudsman Pinsean, a éascaíodh an 1 Eanáir 2018, mar gheall ar thosach feidhme Acht an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean, 2017, trínar bunaíodh Oifig an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean, ar a dtugtar an OSAP anois.

An 1 Eanáir 2018 aistríodh chuig an OSAP na feidhmeanna ar fad a bhí dílsithe díreach roimh an dáta tosaithe san Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais nó san Ombudsman Pinsean.

De bharr na forbartha sin, is féidir gearáin a dhéanamh le hoifig amháin anois, faoi iompraíocht soláthraithe seirbhísí airgeadais agus faoi iompraíocht soláthraithe pinsean.

Leanfaidh an OSAP ar aghaidh ag úsáid cinntí a rinne na Cúirteanna in imeacht na mblianta, i ndlíthíocht nó in achomhairc a bhaineann leis an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais nó leis an Ombudsman Pinsean, mar bhonn eolais d'fheidhmiú a chumhachtaí agus a fheidhmeanna reachtúla

# Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara

Bhí Meabhrán Tuisceana ag an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais le Banc Ceannais na hÉireann agus leis an Ombudsman Pinsean. Má tháinig cás chun cinn i rith imscrúdú an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais a cheap sé ba cheart a chur ar aird an Rialálaí, chuirfeadh sé an Banc Ceannais ar an eolas faoi ionas go bhféadfaí tabhairt faoin ngníomh rialála iomchuí. I rith 2017, tionóladh cruinnithe rialta idir oifigigh an dá eagraíocht.

Bhí an tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais ina chomhalta de FIN-NET, líonra réitigh díospóidí airgeadais do scéimeanna náisiúnta gearán taobh amuigh den chúirt i dtíortha an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch, atá freagrach as díospóidí idir tomhaltaí agus Soláthraithe Seirbhísí Airgeadais a láimhseáil. Laistigh de FIN-NET, comhoibríonn na comhaltaí le chéile chun go mbeadh fáil éasca ag tomhaltóirí ar nósanna imeachta gearán taobh amuigh den chúirt a bhaineann le soláthraithe seirbhísí airgeadais.

Bhí an OSA ina comhalta freisin de Líonra Idirnáisiúnta Scéimeanna na nOmbudsman Seirbhísí Airgeadais (Líonra INFO) agus ghlac sé páirt in imeachtaí a d'eagraigh an Líonra. Is cumann domhanda é sin do scéimeanna ombudsman airgeadais.

Bhí rannpháirtíocht leis na páirtithe leasmhara/sna himeachtaí seo a leanas mar chuid den chlár for-rochtana ar tugadh faoi in 2017:

- **Association of Chief Executives of State Agencies**
- **Association of Compliance Officers Ireland - An Grúpa Oibre Pinsean**
- **Association of Pension Lawyers**
- **Banking and Payments Federation Ireland (BPFI)**
- **Soláthraithe baincéireachta**
- **British and Irish Ombudsman Association**
- **Certified Public Accountants**
- **Chartered Institute for Securities & Investments**
- **An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí**
- **Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath**
- **Seirbhísí Airgeadais Éireann**
- **Free Legal Advice Centre (FLAC)**
- **Institiúid Baincéireachta**
- **Insurance Institute**
- **Insurance Ireland**
- **Soláthraithe árachais**
- **International Financial Consumer Protection Organisation (FinCoNet) Comhdháil a d'óstáil Banc Ceannais na hÉireann**
- **Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC)**
- **Irish Ombudsman Forum**
- **An Comhchoiste um Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú, agus an Taoiseach**
- **An Comhchoiste um Achainíocha ón bPobal**
- **Life Insurance Association (LIA)**
- **Institiúid Idirghabhálaithe na hÉireann (MII)**
- **An tSeirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid (MABS)**
- **An tÚdarás Pinsean**
- **Professional Insurance Brokers Association (PIBA)**
- **Ceardchumann SIPTU**

In 2017, thug Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh in Éirinn cuireadh don OSA páirt a ghlacadh i gcruinniú comhchéime a raibh Vêra Jourová, an Coimisinéir Eorpach um Cheartas, Tomhaltóirí agus Comhionannas Inscne, mar chathaoirleach air. Eagraíodh an cruinniú d'eagraíochtaí a oibríonn ar shaincheisteanna tomhaltóirí, lena n-áirítear an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, an Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí in Éirinn, Cumann Tomhaltóirí na hÉireann agus FLAC.

Tugadh faoi chláir chomhpháirtíochta chun cumas a neartú leis na comhlachtaí seo a leanas in 2017:

- **Banc Ceannais na hIordáine**
- **An Banc-Ceannais (an Banc Cúlchiste) agus an Aireacht Airgeadais, an Mhaláiv**
- **An Ombudsman Airgeadais, an Airméin**

# Rialachas Corparáideach agus Forbairt Eagraíochtúil

Treoraíodh creat foriomlán rialachais agus rialaithe san OSA le haghaidh 2017 leo seo a leanas:

- **Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, 2004;**
- **Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (Leasú), 2017;**
- **Acht an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean, 2017;**
- **An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 – 2001;**
- **An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí; 2001;**
- **Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí, (2008);**
- **An Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).**

Ina theannta sin, chinntigh an OSA gur chomhlíon sé iad seo a leanas ar feadh na bliana:

- **Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003**
- **An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014**
- **Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1998 agus 2003**
- **An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997**
- **An tAcht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2013**
- **An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014**
- **An tAcht um Míchumas, 2005**

I mí Lúnasa 2016, d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe leagan leasaithe den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ("Cód 2016"). Thug an OSA faoi bhearta láithreach chun a chreat reatha rialachais agus reachtaíochta a ailíniú le forálacha Chód 2016. Bhí cuid de phríomhghnéithe Chód 2016 dea-bhunaithe sa Bhiúró, ar nós clár iomlán iniúchta inmheánaigh; comhar leanúnach leis an Oifig um Sholáthar Rialtais ar thionscadail ábhartha soláthair; Coiste Airgeadais, a d'fheidhmigh faoi choimirce Chomhairle an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais a mhaoirsigh, i measc gníomhaíochtaí eile in 2017, athbhreithniú ar shamhail reatha tobhach an OSA.

Bhunaigh an Chomhairle Coiste Iniúchóireachta agus Riosca mar Choiste Comhairle chun tacú léi lena freagrachtaí chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht an Ombudsman agus na hOifige a athbhreithniú. Feidhmíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca faoi théarmaí tagartha comhaontaithe, agus cuireann sé comhairle ar an gComhairle faoi chúrsaí a bhaineann le hiniúchadh inmheánach agus seachtrach, bainistíocht riosca, agus rialachas corparáideach. I measc na ngníomhaíochtaí rialachais eile ar tugadh fúthu i rith na tréimhse bhí: athbhreithniú agus leasú ina dhiaidh sin ar nósanna imeachta oibriúcháin maidir le heitic agus nochtadh cosanta; nuashonrú Cód Iompraíochta don fhoireann ar fad agus do chomhaltaí Comhairle; agus cur i bhfeidhm imlitreacha a bhain le pá agus pinsean a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí do ranna Rialtais agus comhlachtaí stáit.

## Pleanáil Straitéiseach

Threoraigh Plean Straitéiseach 2017 cur i gcrích clár cuimsitheach athruithe, trínar thug an OSA athruithe suntasacha isteach ar an gcaoi a dtugtar aghaidh ar ghearáin, lena mbaineann idirghníomhú i bhfad níos dírí le tomhaltóirí agus soláthraithe chun seirbhís níos tapa, níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí a sholáthar, a chinnteoidh gurb é an méid a theastaíonn ón gcustaiméir is tábhachtaí.

Tugadh breac-chuntas sa Phlean Straitéiseach ar roinnt tionscnamh chun gníomhaíochtaí agus acmhainní an OSA a threorú, as ar eascair ansin na cuspóirí agus spriocanna sonracha seo a leanas don Bhiúró chun díriú orthu i rith na bliana:

- **Próiseas réitigh díospóidí éifeachtúil, éifeachtach agus cóir a fheidhmiú a idirghabhann, a imscrúdaíonn agus a bhreithníonn gearáin ó thomhaltóirí;**
- **Seirbhís do chustaiméirí den scoth a sholáthar;**
- **Feasacht ar ár gcuid oibre a mhéadú i measc an phobail agus ár bpáirtithe leasmhara, agus comhlíonadh na soláthraithe seirbhísí airgeadais a chur chun cinn maidir le dea-chleachtas i soláthar táirgí agus seirbhísí;**
- **Tacú le scileanna agus inniúlachtaí ár bhfoirne, agus iad a fhorbairt, chun an tseirbhís is fearr a thairiscint dár n-úsáideoirí;**
- **Tacú leis an gComhairle ina cuid oibre agus plé le Banc Ceannais na hÉireann, an Roinn Airgeadais, Coistí Oireachtais agus comhlachtaí ábhartha eile chun margadh na seirbhísí airgeadais a fheabhsú do thomhaltóirí.**

## Acmhainní Daonna

Amhail an 31 Nollaig 2017, bhí 48 comhalta foirne, an tOmbudsman agus an Leas-Ombudsman ina measc, ag Biúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais. Eagraíodh comórtais earcaíochta in 2017 chun roinnt folúntas a líonadh ach níor thosaigh roinnt iarrthóirí ina bpoist go dtí mí Eanáir 2018. Tugtar sonraí na foirne ar fad a fostaíodh in 2017 ar leathanach 19. Eagraíodh an fhoireann i gceithre rannóg:

- **Seirbhísí Corparáideacha agus Faisnéise**
- **Faisnéise Seirbhís Réitigh**
- **Díospóidí Seirbhísí Imscrúdaithe**
- **Breithniú agus Seirbhísí Dlí**

Stiúrthóir gach rannóige, i dteannta an Ombudsman agus an Leas-Ombudsman a bhí san fhoireann ardbhainistíochta.

Cuireadh deiseanna oiliúna agus forbartha ar fáil don fhoireann ar fad i rith na bliana, agus béim faoi leith ar réimsí na hidirghabhála, an chomhlíonta, rialachais agus Comhairleoir Airgeadais Cáilithe, chun a chinntiú gur fhorbair na foirne na scileanna a theastaigh chun cuspóirí straitéiseacha na heagraíochta a bhaint amach. Chun tacú le cuspóirí Connecting for Life – Straitéis Náisiúnta nua na hÉireann um Fhéinmharú a Chosc (2015–2020), cuireadh oiliúint feasachta féinmharaithe ar an bhfoireann ar fad chun cabhrú leo a bheith níos réitithe, níos toilteanaí agus níos ábalta cabhrú le daoine i mbaol féinmharú.

Seachfhoinsíodh riaradh an phárolla ó mhí Mheán Fómhair 2017 go Mazars Ireland. I rith 2017 ar fad, d'úsáid an OSAP Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta Fostaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar fhorbairt a fhoirne agus chun tacú leo. I rith na bliana, éascaíodh cumarsáid rialta ar chúrsaí tábhachtacha idir an lucht bainistíochta agus comharchumainn aitheanta na foirne.

| Líon na Foirne de réir Gráid [31.12.2017] | |
|---|---|
| Ombudsman | 1 |
| Leas-Ombudsman | 1 |
| Príomhoifigeach | 3 |
| Príomhoifigeach Cúnta | 3 |
| Ardoifigeach Feidhmiúcháin | 13 |
| Oifigeach Feidhmiúcháin | 23 |
| Oifigeach Cléireachais | 4 |
| **Iomlán** | **48** |
| Folúntais amhail 31.12.2017 | 7 |

## An tAcht um Míchumas, 2005

Faoi Chuid 5 den Acht um Míchumas, 2005, éilítear ar chomhlachtaí na hearnála poiblí tuairisc a dhéanamh ar líon na ndaoine faoi mhíchumas atá fostaithe leo. Cé nár tugadh faoi dhaonáireamh i rith 2017, léiríonn torthaí Daonáireamh Foirne féintuairiscithe a rinneadh i mí an Mhárta 2018 gur chomhlíon an OSAP an t-íosleibhéal d'fhostaíocht daoine faoi mhíchumas, 3%, agus dá bhrí sin go raibh Cuid 5 den Acht á comhlíonadh aige. Tuairiscíodh an fhaisnéis sin don Údarás Náisiúnta Míchumais in 2018.

## Saoráil Faisnéise

Leanann an OSA ar aghaidh ag comhlíonadh a dhualgas maidir le hiarratais um Shaoráil Faisnéise. Tugtar breac-chuntas thíos ar Chinntí Saorála Faisnéise agus ar Chineálacha Iarratas:

| Iarratais um Shaoráil Faisnéise 2017 | |
|---|---|
| Deonaithe | 1 |
| Deonaithe i bPáirt | 1 |
| Diúltaithe | 1 |
| Socraithe lasmuigh den tSaoráil Faisnéise | 4 |
| **Iomlán** | **7** |

| Iarratais um Shaoráil Faisnéise 2017 | |
|---|---|
| Iriseoir | 3 |
| Duine den Phobal | 2 |
| Gnó | 1 |
| Gearánach | 1 |
| **Iomlán** | **7** |

## Nochtadh Cosanta

Mar chomhlacht poiblí, éilíodh ar an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais tuairisciú faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014. Fuarthas nochtadh amháin dá leithéid agus imscrúdaíodh go cuí é de réir fhorálacha an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014 don bhliain airgeadais ón 1 Eanáir 2017 go dtí an 31 Nollaig 2017.

## Áitreabh

Tugadh faoi athchóiriú cuimsitheach ar ár n-oifigí ar an tríú agus ar an gceathrú hurlár de Theach Lincoln in 2017. Cuireann na huasghráduithe ar an timpeallacht thógtha taithí níos fearr ar fáil do chuairteoirí, chomh maith le saoráidí breise d'idirghabhálacha agus éisteachtaí ó bhéal, agus timpeallacht oibre níos compordaí don fhoireann, agus cabhraítear leis an úsáid fuinnimh a laghdú ar an iomlán.

## Forléargas ar Úsáid Fuinnimh

I gcomhar le hIonstraim Reachtúil 426 de 2014, éilítear ar gach comhlacht san earnáil phoiblí tuairisc bhliantúil a thabhairt ar an bhfuinneamh a úsáideann sé agus ar aon ghníomh a rinneadh chun a ídiú fuinnimh a laghdú. In 2017, chuimsigh úsáid fuinnimh an OSA 149,379 kWh. Léirigh sé sin laghdú 12.67% ar ídiú iomlán fuinnimh an OSA ó 2016 i leith. Tharla sé sin i bpáirt mar gheall ar athchóiriú an spáis oifige, a bhain amach roinnt bearta éifeachtúlachta fuinnimh, lena n-áirítear soilse LED agus fuinneoga déghloinithe a shuiteáil. Tá an mheán-úsáid fuinnimh in aghaidh an chomhalta foirne ag 3,112 kWh anois, bunaithe ar 48 comhalta foirne amhail an 31 Nollaig 2017. Tabhair faoi deara gur bhain an úsáid fuinnimh in aghaidh an chomhalta foirne a foilsíodh i dTuarascáil Bhliantúil 2016 le hídiú leictreachais amháin, agus ní leis an úsáid fuinnimh iomlán.

| Cineál Fuinnimh | Leibhéal Ídithe |
|---|---|
| Leictreachas | 59,120 kWh |
| Breoslaí Iontaise (Córas Teasa Gáis) | 90,259 kWh |
| **Iomlán** | **149,379kWh** |

## Comhaltaí Foirne

Tuairiscítear sonraí na foirne ar fad a d'fhostaigh an BOSA in 2017 sa sceideal thíos. Má fuair comhalta foirne ardú céime i rith na bliana nó má bhí duine ag gníomhú go sealadach i ngrád difriúil lena bpost substainteach, tuairiscítear an grád mar a bhí amhail an 31 Nollaig 2017.

## An Fhoireann Ardbhainistíochta

| | |
|---|---|
| **Ger Deering** | *An tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais* |
| **Elaine Cassidy** | *An Leas-Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais* |
| **MaryRose McGovern** | *An Stiúrthóir Breithnithe agus Seirbhísí Dlí* |
| **Diarmuid Byrne** | *An Stiúrthóir Seirbhís Réitigh Díospóidí* |
| **Jill Barry** | *An Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha agus Cumarsáide (Go dtí an 31 Iúil 2017)* |
| **Tara McDermott** | *An Stiúrthóir Seirbhísí Imscrúdaithe (Ón 5 Nollaig 2017)* |

### Seirbhísí Corparáideacha agus Faisnéise

| | |
|---|---|
| **Jill Barry** | *Stiúrthóir (Go dtí an 31 Iúil 2017)* |
| **Meagan Gill** | *Príomhoifigeach Cúnta* |
| **Sylvia Costello** | *Ardoifigeach Feidhmiúcháin* |
| **Evelyn Wilde** | *Ardoifigeach Feidhmiúcháin* |
| **Marta Piekarz** | *Ardoifigeach Feidhmiúcháin* |
| **Lorraine Maher** | *Ardoifigeach Feidhmiúcháin* |
| **Paul O'Connor** | *Oifigeach Feidhmiúcháin (Sos Gairme ón 2 Deireadh Fómhair 2017)* |
| **Ann-Marie Dent** | *Oifigeach Cléireachais* |
| **Frederica Doyle** | *Oifigeach Cléireachais* |
| **Mary Hamilton** | *Oifigeach Cléireachais* |
| **Ruth Wildgust** | *Oifigeach Cléireachais (Ón 5 Nollaig 2017)* |

### Seirbhís Réitigh Díospóidí

| | |
|---|---|
| **Diarmuid Byrne** | *Stiúrthóir* |
| **Anthony O'Riordan** | *Ardoifigeach Feidhmiúcháin* |
| **Kathleen O'Sullivan** | *Ardoifigeach Feidhmiúcháin* |
| **Sinéad Brennan** | *Ardoifigeach Feidhmiúcháin (Go dtí an 23 Meitheamh 2017)* |
| **Tomás Murray** | *Ardoifigeach Feidhmiúcháin (Ar iasacht ón 10 Aibreán 2017)* |
| **Liz White** | *Ardoifigeach Feidhmiúcháin* |
| **George Carroll** | *Oifigeach Feidhmiúcháin* |
| **Danielle Daly** | *Oifigeach Feidhmiúcháin (Ón 27 Márta 2017)* |
| **Seán Daly** | *Oifigeach Feidhmiúcháin* |
| **Brendan O'Connor** | *Oifigeach Feidhmiúcháin (Go dtí an 27 Márta 2017)* |
| **Emmet Greaney** | *Oifigeach Feidhmiúcháin (Go dtí an 24 Lúnasa 2017)* |
| **Martin Gordon** | *Oifigeach Feidhmiúcháin (Ón 27 Márta 2017)* |
| **Dolores Haskins** | *Oifigeach Feidhmiúcháin (Ón 27 Márta 2017)* |
| **Paul Heffernan** | *Oifigeach Feidhmiúcháin* |
| **Fionnuala MacNamee** | *Oifigeach Feidhmiúcháin (Ón 18 Meán Fómhair 2017)* |
| **Patricia McNamara** | *Oifigeach Feidhmiúcháin (Ón 2 Bealtaine 2017)* |
| **Mary Kerrigan** | *Oifigeach Feidhmiúcháin* |
| **Linda North** | *Oifigeach Feidhmiúcháin* |
| **Niall O'Brien** | *Oifigeach Feidhmiúcháin (Ón 8 Lúnasa 2017)* |
| **Miriam Rooney** | *Oifigeach Feidhmiúcháin (Ón 27 Márta 2017)* |
| **Brian Smith** | *Oifigeach Feidhmiúcháin (Ón 18 Meán Fómhair 2017)* |
| **John Whelan** | *Oifigeach Feidhmiúcháin (Ón 27 Márta 2017)* |

### Seirbhísí Imscrúdaithe

| | |
|---|---|
| **Tara McDermott** | *Stiúrthóir (Ón 5 Nollaig 2017)* |
| **Rachel O'Regan** | *Ardoifigeach Feidhmiúcháin* |
| **Sarah Arrowsmith** | *Oifigeach Feidhmiúcháin* |
| **Seán Coady** | *Oifigeach Feidhmiúcháin (Ón 5 Nollaig 2017)* |
| **Des Butler** | *Oifigeach Feidhmiúcháin* |
| **Lynnsey Delaney** | *Oifigeach Feidhmiúcháin (Ón 9 Eanáir 2017)* |
| **Michael Taylor** | *Oifigeach Feidhmiúcháin (Ón 20 Samhain 2017)* |
| **Niamh Webb** | *Oifigeach Feidhmiúcháin (Ón 13 Samhain 2017)* |
| **Pat McGonigle** | *Conradh ar Théarma Seasta (Ón 26 Meitheamh 2017)* |

### Breithniú agus Seirbhísí Dlí

| | |
|---|---|
| **MaryRose McGovern** | *Stiúrthóir* |
| **Michael Brennan** | *Príomhoifigeach Cúnta* |
| **Úna Gately** | *Príomhoifigeach Cúnta* |
| **Sophie Hart** | *Ardoifigeach Feidhmiúcháin* |
| **Stephanie McConnell** | *Ardoifigeach Feidhmiúcháin* |
| **Joan McGuinness** | *Ardoifigeach Feidhmiúcháin* |
| **Iseult Doherty** | *Oifigeach Feidhmiúcháin* |
| **Aideen Keane** | *Oifigeach Feidhmiúcháin (Ón 9 Eanáir 2017)* |





# NA RÁITIS AIRGEADAIS

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais Biúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais

### Tuairim faoi na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Bhiúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais (atá díscaoilte anois) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 mar a éilítear faoi fhorálacha alt 36 d'Acht an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean, 2017. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim choinnithe
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas ar staid an airgeadais
- an ráiteas ar shreabhadh airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar na beartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais Bhiúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2017 agus ar a ioncam agus caiteachas do 2017 de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 – *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

### Béim ar ábhar – dliteanais pinsean

Gan agús a chur le mo thuairim, tarraingím aird ar nóta 10 de na ráitis airgeadais ina nochtar go bhforáiltear i reachtaíocht a achtaíodh i mí Iúil 2013 d'athruithe ar shocruithe maoinithe pinsean an Bhiúró do scéimeanna seachas an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair. Tá plé ar bun leis an Roinn Airgeadais maidir le cur i bhfeidhm na reachtaíochta. Ar feitheamh réiteach an phlé sin, nochtann na ráitis airgeadais an dliteanas pinsean carntha, do na scéimeanna ábhartha, mar nóta amháin.

### Bunús na tuairime

Thug mé faoi m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (ISAnna), mar a fheidhmíonn Eagraíocht Idirnáisiúnta na nArd-Institiúidí Iniúchóireachta iad. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuairisc seo. Tá mé neamhspleách ar an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean agus chomhlíon mé mo fhreagrachtaí eiticiúla eile de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur iomchuí an fhianaise iniúchta a fuair mé chun bunús a thabhairt do mo thuairim.

### Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhar eile

Chuir an tOmbudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean faisnéis áirithe eile i láthair i dteannta na ráiteas airgeadais. Cuimsítear ansin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Déantar cur síos san aguisín leis an tuairisc seo ar mo chuid freagrachtaí maidir le tuairisciú ar fhaisnéis dá leithéid, agus ar ábhar áirithe eile a dtuairiscím orthu mar eisceacht.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus Mc Carthy.

**Seamus McCarthy**
**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**30 Samhain 2018**

## Aguisín leis an tuairisc

### Freagrachtaí an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais agus an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean

Bhí an tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht an Bhainc Cheannais, 1942, arna leasú, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Díscaoileadh Biúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais an 31 Nollaig 2017 agus aistríodh a shócmhainní, a dhliteanais agus a fhoireann chuig Oifig an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean, mar a phléitear sa ráiteas ar bheartais chuntasaíochta sna ráitis airgeadais.

I ndiaidh dhíscaoileadh an Bhiúró, tá an tOmbudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir alt 36 d'Acht an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean, 2017.

Mar a leagtar amach sa ráiteas rialachais agus sa ráiteas ar fhreagrachtaí, tá an tOmbudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean freagrach freisin as:

- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir de réir FRS102
- measúnú a dhéanamh an bhfuil úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh sa chuntasaíocht iomchuí, agus
- cibé rialú inmheánach a chinneann sé atá ag teastáil chun gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Éilítear orm faoi alt 36 d'Acht an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean, 2017 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Bhiúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais agus tuairisciú ina leith sin do Thithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh ar bun dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ar an iomlán saor ó mhíráiteas ábhartha de bharr calaoise nó earráide nó nach bhfuil. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní chinntíonn sé go dtabharfaidh iniúchadh a dhéantar de réir na ISAnna míráiteas ábhartha faoi deara i gcónaí más ann dó. Féadfaidh míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá bhféadfaidís go réasúnta, astu féin nó le chéile, tionchar a imirt ar chinntí geilleagracha úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais sin.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním amhras gairmiúil i rith an iniúchta. Dá réir sin,

- sainaithním agus déanaim measúnú ar rioscaí míráitis ábhartha ar na ráitis airgeadais, cibé mar gheall ar chalaois nó earráid; ceapaim agus tugaim faoi nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Tá an riosca nach n-aimseofar míráiteas ábhartha mar gheall ar chalaois níos airde ná ceann mar gheall ar earráid, toisc go bhféadfadh go mbeadh baint ag claonpháirteachas, brionnú, ábhar a fhágáil ar lár d'aon turas, míléirithe, nó sárú rialaithe inmheánaigh le calaois.
- faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchta a cheapadh atá iomchuí do na cúinsí, ach ní chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar chomh hiomchuí is atá na beartais chuntasaíochta a úsáidtear agus ar chomh réasúnta is atá na meastacháin chuntasaíochta agus an nochtadh lena mbaineann.
- Bainim tátal as ar chomh hiomchuí is atá sé bonn an ghnóthais leantaigh a úsáid sa chuntasaíocht agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chruthú i leith chumas Bhiúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má bhainim de thátal as go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuairisc ar an nochtadh lena mbaineann sna ráitis airgeadais nó, mura bhfuil an nochtadh sin leordhóthanach, mo thuairim a athrú. Tá mo thátail bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas go dáta mo thuairisce. Ach d'fhéadfadh imeachtaí nó dálaí amach anseo a chur faoi deara ar Bhiúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais gan leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.
- déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear aon nochtadh, agus an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha ar bhealach a chuireann faisnéis i láthair go cóir.

Bím i mbun cumarsáide leo siúd atá freagrach as cúrsaí rialachais maidir le, i measc rudaí eile, raon feidhme agus sceideal beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním i rith m'iniúchta.

#### Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chuimsím mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair sna ráitis sin, agus ní chuirim aon chineál tátal dearbhaithe ina leith in iúl.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, dá réir sin, a mheas an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fhaightear i rith an iniúchta, nó más cosúil go ndearnadh míráiteas ábhartha ar bhealach ar bith eile. Má bhainim de thátal as an obair a dhéanaim go bhfuil míráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile sin, éilítear orm é sin a thuairisciú.

#### Tuairisciú ar ábhar eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscím má tá ábhar ábhartha eile ann maidir leis an gcaoi a ndearnadh gnó poiblí.

Agus an t-iniúchadh ar bun agam, féachaim le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Tuairiscím má tá aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí chun na gcríoch a bhí i gceist nó nach raibh na hidirbhearta de réir na n-údarás a rialaíonn iad.

Tuairiscím mar eisceacht freisin sa chás, i mo thuairim,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh agus i gceart, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

## An Ráiteas Rialachais

Díscaoileadh Biúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais le héifeacht ón 1 Eanáir 2018, faoi théarmaí Acht an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean, 2017. Aistríodh sócmhainní, cearta agus oibleagáidí an Bhiúró chuig an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean ar an dáta sin.

Bunaíodh Comhairle an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, 2004. Leagtar amach feidhmeanna reachtúla na Comhairle i gCuid 2, Alt 16 den Acht agus éilíodh ar Chathaoirleach na Comhairle tuarascálacha a bhain le gníomhaíochtaí an Bhiúró a sholáthar don Aire Airgeadais de réir mar a d'éiligh an tAire ó am go chéile.

Bhí an tOmbudsman agus an fhoireann ardbhainistíochta freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus thug siad faoin tasc sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a shocrú agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh ar na príomhcheisteanna gnó ar fad. Bhí gnáthbhainistíocht, rialú agus treo Bhiúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais faoi chúram an Ombudsman agus na foirne ardbhainistíochta freisin. Lean an tOmbudsman agus an fhoireann ardbhainistíochta an treo straitéiseach comhaontaithe, agus chinntigh siad go raibh tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile na Comhairle ar na príomhghníomhaíochtaí agus príomhchinntí a bhain leis an aonán, agus ar aon rioscaí suntasacha ar dóigh go dtarlóidís. D'fheidhmigh an tOmbudsman agus an Leas-Ombudsman mar idirghabhálaí díreach idir an Chomhairle agus foireann bainistíochta Bhiúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais.

## An Ráiteas ar Fhreagrachtaí

Leagtar amach feidhmeanna reachtúla na Comhairle i gCuid 2, Alt 16 d'Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, 2004. Ba iad na feidhmeanna sin:

- **An tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais (an tOmbudsman) agus aon Leas-Ombudsman a cheapadh;**
- **Treoirlínte a fhorordú faoina bhfeidhmeodh Biúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais (an Biúró);**
- **Na tobhaigh agus muirir iníoctha as seirbhísí an Ombudsman a dhéanamh a chinneadh;**
- **Éifeachtúlacht agus éifeachtacht an Bhiúró a athbhreithniú go rialta;**
- **Comhairle a chur ar an Aire Airgeadais, ar iarratas an Aire nó as a stuaim féin, ar aon ábhar a bhainfeadh le hoibriúchán an Ombudsman;**
- **Comhairle a chur ar an Ombudsman ar aon ábhar a n-iarrfadh sé comhairle faoi.**

## Freagrachtaí an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean

Éilítear faoi alt 36 d'Acht an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean, 2017 go n-ullmhódh an tOmbudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean ráitis airgeadais Bhiúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais (atá díscaoilte anois) don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilítear ar an Ombudsman:

- Beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhí réasúnach agus ciallmhar;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin i gcás nach cuí a thoimhdiú go leanfaidh an Biúró de bheith i bhfeidhm;
- A chur in iúl ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir ag aon athruithe ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

## Freagrachtaí an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais

Bhí an tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais (OSA) freagrach as leabhair chuí chuntais a choimeád a nocht, le cruinneas réasúnach tráth ar bith, suíomh airgeadais an Bhiúró agus a chuir ar a chumas a chinntiú gur chomhlíon na ráitis airgeadais Alt 57 d'Acht an Bhainc Cheannais, 1942, arna leasú. Bhí an tOmbudsman freagrach freisin as sócmhainní an Bhiúró a chosaint agus dá bhrí sin as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Éilíodh le hAlt 57 BP d'Acht an Bhainc Cheannais, 1942 arna chur isteach le hAlt 16 d'Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, 2004, ar an Ombudsman a chinntiú gur coinníodh taifid chuntasaíochta a thaifid agus a mhínigh i gceart idirbhearta airgeadais an Bhiúró nó idirbhearta airgeadais a bhain leis an mBiúró.

Bhí an tOmbudsman freagrach freisin as a chinntiú gur chomhlíon taifid chuntasaíochta a bhain leis an mBiúró na caighdeáin chuntasaíochta a thug an Chomhairle don Ombudsman, de réir chomhairle an Aire Airgeadais.

Bhí an tOmbudsman freagrach as a shocrú gur ullmhaíodh ráiteas inar leagadh amach meastacháin ar an ioncam agus caiteachas a bhain leis an mBiúró agus an ráiteas a chur faoi bhráid na Comhairle dá fhaomhadh. Bhí an tOmbudsman freagrach as plean straitéiseach a ullmhú do gach bliain airgeadais agus an plean sin a chur faoi bhráid na Comhairle dá fhaomhadh. Bhí an Chomhairle freagrach as an bplean a chur faoi bhráid an Aire Airgeadais, a luaithe is a d'fhaomh sí an plean.

Bhí an tOmbudsman freagrach freisin as sócmhainní an Bhiúró a chosaint agus dá bhrí sin as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an tOmbudsman go dtugann ráitis airgeadais Bhiúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais léargas fírinneach cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais Bhiúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2017.

## Struchtúr na Comhairle

Bhí Cathaoirleach agus seisear comhaltaí ar an gcomhairle, a cheap an tAire Airgeadais. Ceapadh comhaltaí na Comhairle le haghaidh tréimhse nach faide ná cúig bliana agus tháinig siad le chéile seacht n-uaire in 2017.

Tá tréimhse ceapacháin na gcomhaltaí reatha sa tábla thíos:

| Comhalta Comhairle | Ról | Dáta an Cheapacháin |
|---|---|---|
| Maeve Dineen | An Cathaoirleach | 09 Eanáir 2017 |
| Valerie Bowens | Comhalta | 20 Eanáir 2016 |
| Ken Murnaghan | Comhalta | 20 Eanáir 2016 |
| Deborah Reidy | Comhalta | 20 Eanáir 2016 |
| Dermott Jewell | Comhalta | 9 Eanáir 2017 (Athcheapachán) |
| Don Gallagher | Comhalta | 9 Eanáir 2017 |
| Elizabeth Walsh | Comhalta | 9 Eanáir 2017 (Athcheapachán) |

Bhunaigh an Chomhairle dhá choiste, mar seo a leanas:

1. **Coiste Iniúchóireachta agus Riosca** ar a raibh triúr comhaltaí Comhairle. Ba é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca comhairle a chur ar an gComhairle faoi na próisis straitéiseacha a bhí i bhfeidhm le haghaidh riosca, rialú inmheánach agus rialachais. Thuairisc an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca don Chomhairle i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn uair sa bhliain
2. **Coiste Airgeadais** ar a raibh triúr comhaltaí Comhairle. Ba é ról an Choiste Airgeadais comhairle a chur ar an gComhairle maidir le beartais chuntasaíochta, ráitis airgeadais agus tuarascáil bhliantúil na heagraíochta, lena n-áirítear an próiseas chun na ráitis airgeadais a athbhreithniú sula gcuirfí isteach iad le hiniúchadh. Thuairisc an Coiste Airgeadais don Chomhairle i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn uair sa bhliain

## Athruithe ar an bPríomhphearsanra

I ndiaidh do théarma roinnt Comhaltaí Comhairle dul in éag i mí Dheireadh Fómhair 2016, cuireadh tús le próiseas earcaíochta na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí, chun Comhaltaí nua a earcú. De réir Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, 2004, cheap an tAire Cathaoirleach nua, Maeve Dineen, beirt chomhaltaí nua, Don Gallagher agus Elizabeth Walsh, agus d'athcheap beirt chomhaltaí, Dermot Jewell agus Elizabeth Walsh, i mí Eanáir 2017.

## Sceideal Freastail, Táillí agus Speansais

Tugtar sceideal freastail ag na cruinnithe Comhairle agus Coiste le haghaidh 2017 thíos, chomh maith leis na táillí agus speansais a fuair gach comhalta:

| | Comhairle | Iniúchóireacht agus Riosca | Airgeadas | Táillí | Speansais |
|---|---|---|---|---|---|
| **Líon Cruinnithe** | **7** | **3** | **4** | **€** | **€** |
| Maeve Dineen | 7 | | | 20,769 | - |
| Valerie Bowens | 6 | 3 | | 12,600 | 59 |
| Ken Murnaghan | 6 | 3 | | 12,600 | 217 |
| Deborah Reidy | 7 | | 4 | 12,600 | - |
| Dermott Jewell | 6 | 2 | | 12,115 | - |
| Elizabeth Walsh | 7 | | 4 | 12,115 | 247 |
| Don Gallagher | 7 | | 4 | 0* | - |
| **Iomlán** | | | | **82,799** | **523** |

* Ní bhfuair comhalta Comhairle amháin, Don Gallagher, táille Comhairle faoin bprionsabal 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin'. B'ionann costais ghinearálta na gcruinnithe don Chomhairle i rith 2017 agus €1,494.

Íocadh éilimh ar speansais taistil agus chothabhála in 2017 le hiarchomhalta Comhairle, do speansais a tabhaíodh in 2016. Ní raibh na figiúirí thíos ina gcuid de chaiteachas taistil agus cothabhála a tuairiscíodh i dTuarascáil Bhliantúil 2016, agus tá siad sa bhreis ar na speansais sin a tuairiscíodh roimhe seo mar sin.

| Speansais | Comhalta |
|---|---|
| Caitríona Ní Charra | €807 |

## Nochtadh a Éilítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Bhí an tOmbudsman freagrach as a chinntiú gur chomhlíon Biúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais ceanglais an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód"), mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é i mí Lúnasa 2016. Éilítear an nochtadh seo a leanas de réir an Chóid.

### Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Cuirtear sochair ghearrthéarmacha fostaithe ar fiú níos mó ná €60,000 iad i gcatagóirí de réir na mbandaí seo a leanas:

| Réimse iomlán sochair fostaithe | | Líon fostaithe | |
|---|---|---|---|
| Ó | Go | 2017 | 2016 |
| €60,000 | - €69,999 | 3 | 1 |
| €70,000 | - €79,999 | 3 | 2 |
| €80,000 | - €89,999 | 1 | - |
| €90,000 | - €99,999 | - | 1 |
| €100,000 | - €109,999 | 3 | 3 |
| €110,000 | - €119,999 | - | - |
| €120,000 | - €129,999 | - | - |
| €130,000 | - €139,999 | - | - |
| €140,000 | - €149,999 | 1 | 1 |
| €150,000 | - €159,999 | - | - |
| €160,000 | - €169,999 | - | - |

Tabhair faoi deara: Chun críocha an nochta seo, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe maidir le seirbhísí a rinneadh i rith na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí, ach ní áirítear leo ranníocaí ÁSPC an fhostóra agus ranníocaí pinsin fostóra.

### Costais Sainchomhairleoireachta

Áirítear leis na costais sainchomhairleoireachta costas comhairle seachtraí don lucht bainistíochta agus ní áirítear leo feidhmeanna seachfhoinsithe na gnáthoibre.

| | 2017 € | 2016 € |
|---|---|---|
| Costais Sainchomhairleoireachta | 148,556 | 109,501 |

### Costais Dlí agus Socruithe

Tugtar miondealú sa tábla thíos ar shuimeanna a aithníodh mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dlí.

| | 2017 € | 2016 € |
|---|---|---|
| Costais Dlí agus Socruithe | 495,771 | (32,464) |

### Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Déantar catagóiriú ar chaiteachas taistil agus cothabhála mar seo a leanas:

| | 2017 € | 2016 € |
|---|---|---|
| **Intíre** | | |
| Comhairle | 1,330 | 523 |
| Fostaithe | 4,664 | 4,523 |
| **Idirnáisiúnta** | | |
| Comhairle | - | - |
| Fostaithe | 1,869 | 5,906 |
| **Iomlán** | **7,863** | **10,952** |

### Caiteachas Fáilteachais

Ní raibh aon Chaiteachas Fáilteachais sa bhliain.

### An Ráiteas ar Chomhlíonadh

Ghlac an tOmbudsman leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016), agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú gur comhlíonadh an Cód, ag cur nádúr uathúil Chomhairle an BOSA agus a feidhmeanna reachtaíochta san áireamh. Chomhlíon Biúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais go hiomlán an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit le haghaidh 2017, seachas i gcás dhá sheirbhís soláthair nár chomhlíon an Cód.



**Ger Deering**

An tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais

20 Samhain 2018

# An Ráiteas ar Rialú Inmheánach

## Raon Freagrachta

Agus an ráiteas seo á dhéanamh agam, bhraith mé ar ionadaíocht a rinne lucht bainistíochta an Bhiúró. I rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2017 bhí an Biúró freagrach as a chinntiú go raibh córas iomchuí rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm.

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Ceapadh an córas rialaithe inmheánaigh chun riosca a bhainistiú ar leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leis ar fad. Dá bhrí sin, ní fhéadfadh an córas ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán a sholáthar gur cosnaíodh sócmhainní, gur údaraíodh agus go ndearnadh taifeadadh ceart ar idirbhearta, agus gur seachnaíodh earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí nó gur aimsíodh iad laistigh de thréimhse thráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, a tháinig leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm i mBiúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais (BOSA) don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017.

## An Cumas Dul i nGleic le Riosca

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag Biúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais ar a bhfuil triúr comhaltaí Comhairle, ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta, agus feidhmíonn duine acu mar an Cathaoirleach. Tháinig an Coiste le chéile trí huaire in 2017.

Bhunaigh Biúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais feidhm iniúchta inmheánaigh freisin ag a raibh dóthain acmhainní agus a thug faoi chlár oibre a comhaontaíodh leis an bhFeidhmeannas agus leis an gComhairle.

D'fhorbair an Feidhmeannas beartas bainistíochta riosca inar leagadh amach a fhonn riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus sonraí faoi róil agus freagrachtaí na foirne a bhain le cúrsaí riosca. Eisíodh an beartas don fhoireann ar fad a bhí le hoibriú laistigh de raon feidhme bheartais bainistíochta riosca Biúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais, chun an lucht bainistíochta a chur ar an airdeall faoi rioscaí agus laigí rialaithe a bhí ag teacht chun cinn agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe ina réimse oibre féin.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir Biúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais córas bainistíochta riosca i bhfeidhm inar sainaithníodh agus inar tuairiscíodh na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhí ar bun chun aghaidh a thabhairt ar an rioscaí sin agus, a mhéad ab indéanta, na rioscaí a mhaolú.

Bhí clár riosca in úsáid inar sainaithníodh na príomhrioscaí a bhí os comhair Bhiúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais agus rinneadh na rioscaí sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a suntasachta. Rinne an Feidhmeannas athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár gach ráithe agus d'athbhreithnigh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an clár ar bhonn tráthúil. Úsáideadh torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú gur bainistíodh rioscaí go leibhéal inghlactha.

Tugadh mionsonraí sa chlár rioscaí faoi na rialuithe agus gníomhartha a theastaigh chun rioscaí a mhaolú agus faoi na comhaltaí foirne sonracha a bhí freagrach as na rialuithe a oibriú. Deimhním go raibh timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a raibh na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- Tuairiscíodh na nósanna imeachta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó ar fad;
- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach;
- Bhí córas buiséadaithe iomchuí le buiséad bliantúil ann a mbíodh an fhoireann ardbhainistíochta agus an Chomhairle/an Coiste Airgeadais á athbhreithniú;
- Bhí córais ann a bhí dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a chinntiú;
- Bhí córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuireadh easnaimh rialuithe in iúl dóibh siúd a bhí freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh, agus don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus don Chomhairle, nuair ab ábhartha, go tráthúil. Deimhním go raibh na córais leanúnacha mhonatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- Sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe lena mbaineann agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnamh a sainaithníodh a thuairisciú;
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht as bainistiú airgeadais; agus,
- Rinne an fhoireann ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha bliantúla agus tréimhsiúla feidhmíochta agus airgeadais a léirigh feidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamh-mheastacháin.

## Soláthar

Deimhním go raibh nósanna imeachta i bhfeidhm ag Biúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais chun comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirlínte reatha soláthair a chinntiú. Tarraingítear aird ar ábhar a tháinig chun cinn maidir le rialuithe ar sholáthar faoi fhadhbanna rialaithe thíos.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go raibh nósanna imeachta i bhfeidhm ag Biúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Maidir le monatóireacht agus athbhreithniú Bhiúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais ar an gcóras rialaithe inmheánaigh, tharraing sé ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, obair an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, agus obair na foirne ardbhainistíochta laistigh de Bhiúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais a bhí freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Deimhním gur thug mise, mar Ombudsman, faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2017.

### Soláthar Neamhchomhlíontach

Chinntigh an BOSA go raibh fócas cuí ar dhea-chleachtas i soláthar agus i gceannach agus go raibh nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú gur cloíodh leis na treoirlínte ábhartha ar fad. Chomhlíon an BOSA na treoirlínte cé is moite de dhá shocrú soláthair dar luach €395,251, a chuimsigh:

- cás amháin a raibh caiteachas €203,279 ag baint leis, inar leanadh ar aghaidh le conradh a bhí ann cheana féin le haghaidh tacaíocht agus cothabháil TFC ar feitheamh straitéis TFC a chur i gcrích, a mbeidh soláthar seirbhísí tacaíochta TFC ina chuid de dá éis.
- cás amháin a raibh caiteachas €191,972 ag baint leis, inar braitheadh ar fhoireann ghníomhaireachta shealadach chun freastal ar éilimh reatha ag tráth a raibh struchtúr níos fadtéarmaí na heagraíochta ag forbairt agus ag athrú fós, agus nár tugadh faoin earcaíocht do phoist bhunaithe fós. Cuireadh deireadh le húsáid na foirne gníomhaireachta roimh dheireadh na bliana.



**Ger Deering**
An tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais
20 Samhain 2018

## An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe

*Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017*

| | Nótaí | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | **€** | **€** |
| Ioncam Tobhaigh | 2 | 4,425,296 | 4,354,142 |
| Ioncam Eile | 2 | 232 | 986 |
| Glan-mhaoiniú iarchurtha le haghaidh pinsean - Scéim Aonair | 10c | - | - |
| **Ioncam Iomlán** | | **4,425,528** | **4,355,128** |
| **Caiteachas** | | | |
| Riarachán | 4 | 4,886,893 | 3,823,434 |
| Costais sochair scoir - Scéim Aonair | 10a | 83,370 | 62,411 |
| Dímheas | 5 | 234,707 | 121,522 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **5,204,970** | **4,007,367** |
| **(Easnamh)/Barrachas don Bhliain roimh Leithreasú** | | **(779,442)** | **347,761** |
| Aistriú (chuig)/ó Chuntas Caipitil | 3 | (398,941) | 11,386 |
| **(Easnamh)/Barrachas don Bhliain i ndiaidh Leithreasú** | | **(1,178,383)** | **359,147** |
| An tIarmhéid a tugadh ar aghaidh an 1 Eanáir | | 2,225,778 | 1,866,631 |
| **An tIarmhéid a tugadh ar aghaidh an 31 Nollaig** | | **1,047,395** | **2,225,778** |

Is cuid lárnach de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid (leathanach 32) agus Nótaí 33 go 46.



**Ger Deering**
An tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais
20 Samhain 2018

# An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

*Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017*

| | Nótaí | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| **(Easnamh)/Barrachas i ndiaidh Leithreasú** | | **(1,178,383)** | **359,147** |
| (Caillteanas)/gnóthachan taithí ar oibleagáidí sochair scoir | 10b | (27,000) | 2,000 |
| Athrú ar thoimhdí is bonn le luach reatha<br>oibleagáidí sochair scoir | | 11,000<br>- | (28,000)<br>- |
| **Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach iomlán sa bhliain** | | **(16,000)** | **(26,000)** |
| Coigeartú ar mhaoiniú sochair scoir iarchurtha | | 16,000 | 26,000 |
| (Caillteanas)/ioncam cuimsitheach eile don bhliain | | **(1,178,383)** | **359,147** |

Is cuid lárnach de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid (leathanach 32) agus Nótaí 33 go 46



**Ger Deering**
An tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais

20 Samhain 2018

# An Ráiteas ar Staid an Airgeadais

*Amhail an 31 Nollaig 2017*

| | Nótaí | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 5 | 718,167 | 319,226 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Airgead sa bhanc | 6 | 7,665,491 | 7,833,453 |
| Suimeanna Infhaighte | 7 | 30,914 | 99,604 |
| | | **7,696,405** | **7,933,057** |
| **Dliteanais Reatha (suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)** | | | |
| Suimeanna Iníoctha | 8 | 5,924,765 | 5,240,138 |
| Foráil do Sheirbhísí Dlí | 9 | 724,245 | 467,141 |
| | | **6,649,010** | **5,707,279** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **1,047,395** | **2,225,778** |
| **Sochair Scoir** | | | |
| Sócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha | 10c | 317,000 | 155,000 |
| Oibleagáidí sochair scoir | 10d | (317,000) | (155,000) |
| **Glansócmhainní** | | **1,765,562** | **2,545,004** |
| **Ag léiriú:** | | | |
| Cuntas Caipitil | 3 | 718,167 | 319,226 |
| Cúlchistí Ioncaim Choinnithe amhail an 31 Nollaig | | 1,047,395 | 2,225,778 |
| | | **1,765,562** | **2,545,004** |

Is cuid lárnach de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid (leathanach 32) agus Nótaí 33 go 46.



**Ger Deering**
An tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais

20 Samhain 2018

# An Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

*Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017*

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Glan-sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | |
| (Easnamh)/barrachas ioncaim thar chaiteachas | (1,178,383) | 359,147 |
| Muirear dímheasa | 234,707 | 121,522 |
| (Méadú)/laghdú ar shuimeanna infhaighte | 68,690 | 19,930 |
| Méadú/(laghdú) ar shuimeanna iníoctha | 941,731 | (97,031) |
| Ús faighte | (232) | (986) |
| Aistriú go cuntas caipitil | 398,941 | (11,386) |
| **Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **465,454** | **391,196** |
| **Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Ús Bainc Faighte | - | - |
| Diúscairt caipitil | - | - |
| Caiteachas caipitil | (633,648) | (110,136) |
| **Glan-sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | **(633,648)** | **(110,136)** |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | | |
| Ús bainc faighte | 232 | 986 |
| **Glan-sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | **232** | **986** |
| **Méadú/(laghdú) glan ar airgead sa bhliain** | (167,962) | 282,046 |
| Airgead sa bhanc amhail an 1 Eanáir | 7,833,453 | 7,551,407 |
| **Airgead sa bhanc amhail an 31 Nollaig** | **7,665,491** | **7,833,453** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017

## 1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos an bunús cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta ar ghlac Biúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais leo. Cuireadh i bhfeidhm go seasmhach iad i rith na bliana agus don bhliain roimhe sin.

### 1a Eolas Ginearálta

Bunaíodh Biúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais faoi Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, 2004 agus cuimsítear ann an tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais, an Leas-Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais agus an fhoireann. Is comhlacht reachtúil é a mhaoinítear le tobhaigh ó na soláthraithe seirbhísí airgeadais. Pléann an Biúró go neamhspleách le gearáin ó thomhaltóirí maidir lena bplé aonair le soláthraithe seirbhísí airgeadais nár réitigh na soláthraithe.

Cheap an tAire Airgeadais Comhairle an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais. Ba iad a fheidhmeanna mar a leagadh síos san Acht iad:

- an tOmbudsman agus an Leas-Ombudsman a cheapadh;
- treoirlínte a fhorordú faoina bhfeidhmeodh an tOmbudsman;
- na tobhaigh agus muirir iníoctha as seirbhísí an Ombudsman a dhéanamh a chinneadh;
- meastachán bliantúil an ioncaim agus an chaiteachais arna ullmhú ag an Ombudsman a fhaomhadh;
- éifeachtúlacht agus éifeachtacht an Bhiúró a athbhreithniú i gcónaí agus comhairle a chur ar an Aire Airgeadais ar aon ábhar a bhainfeadh le hoibriúchán an Bhiúró;
- comhairle a chur ar an Ombudsman ar aon ábhar a n-iarrfadh an tOmbudsman comhairle faoi.

Níl ról ar bith ag an gComhairle ar chor ar bith i mbainistiú, réiteach, imscrúdú ná breithniú gearán.

**Speansais na Comhairle agus an Bhiúró**
Íoctar speansais na Comhairle ó Chistí an Bhiúró (feic nóta 15).

**Gnóthas Leantach – díscaoileadh an BOSA**
Foráladh in Acht an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean, 2017 do dhíscaoileadh an BOSA. De bhun an Achta, díscaoileadh an Biúró le héifeacht ón 31 Nollaig 2017. Leagtar amach san Acht réimse forálacha aistrithe lena n-áirítear, i measc nithe eile, aistriú gach talún agus réadmhaoine a bhí dílsithe sa Bhiúró nó ar leis an Biúró díreach roimh an dáta sin chuig an OSAP. Aistríodh chuig an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean cearta agus dliteanais uile an Bhiúró de bhua aon chonartha nó ceangaltais a aontaíodh roimh an dáta sin.

Tá forálacha san Acht freisin maidir le caomhnú conarthaí, comhaontuithe nó socruithe eile a rinne an Biúró sular díscaoileadh é.

Toisc gur aistríodh feidhmeanna, foireann oibriúcháin, sócmhainní agus dliteanais uile an Bhiúró chuig an Ombudsman ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo ar bhonn an ghnóthais leantaigh.

Aithnítear sna ráitis airgeadais:

- gach ioncam agus caiteachas go dtí dáta an díscaoilte
- gach sócmhainn agus dliteanas ar dháta an díscaoilte a leagtar amach sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais agus a aistríodh chuig an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean um an díscaoileadh.

Ba cheart a thabhairt faoi deara, mar a phléitear i Nóta 10, nach n-aithníonn na ráitis airgeadais an dliteanas sochar scoir maidir leis an scéim pinsean don fhoireann agus don Ombudsman. Cé gur faomhadh na scéimeanna in 2016, bhí plé ar bun leis an Roinn Airgeadais maidir le socruithe maoinithe amach anseo. Ar feitheamh an phlé sin a chur i gcrích, ní nochtar an dliteanas lena mbaineann ach mar nóta leis na ráitis airgeadais.

Tá achoimre anseo a leanas ar na sócmhainní agus dliteanais a aistríodh chuig an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean.

| | 2016<br>€ |
|---|---:|
| Sócmhainní seasta | 718,167 |
| Airgead sa bhanc | 7,665,491 |
| Suimeanna Infhaighte | 30,914 |
| Dliteanais reatha | (5,924,765) |
| Foráil do sheirbhísí dlí | (724,245) |
| Dliteanais sochair scoir | (317,000) |
| Maoiniú pinsean iarchurtha | 317,000 |
| **Luach na sócmhainní a aistríodh chuig an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean** | **1,765,562** |

### 1b An Ráiteas ar Chomhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Bhiúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017 de réir FRS102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais atá i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, a eisíonn an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC), mar a fheidhmíonn Chartered Accountants Ireland iad.

### 1c Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoin modh cuntasaíochta ar bhonn fabhraithe agus faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil san fhoirm a d'fhaomh an tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais ag feidhmiú ar chomhairle an Aire Airgeadais de réir Alt 57 BP d'Acht an Bhainc Cheannais, 1942 arna chur isteach le hAlt 16 d'Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, 2004.

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo i bhfeidhm go leanúnach ag déileáil le míreanna a mheastar is ábhartha maidir le ráitis airgeadais Bhiúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais.

### 1d Ioncam Tobhaigh

Forordaítear i rialacháin Chomhairle arna ndéanamh faoi Acht an Bhainc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, 2004 an tsuim atá le tobhach le haghaidh gach catagóire de sholáthraí seirbhísí airgeadais. Léiríonn ioncam tobhaigh na suimeanna infhaighte le haghaidh gach soláthraí seirbhísí arna ríomh de réir na rialachán agus arna tobhach ar na soláthraithe a shainaithníonn an Biúró agus eolas a thugtar dó. Díscríobhtar drochfhiacha má mheastar go bhfuil siad do-aisghabhála.

### 1e Aitheantas Caiteachais

Aithnítear caiteachas sna ráitis airgeadais ar bhonn fabhraithe de réir mar a thabhaítear é.

### 1f Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ar a gcostas lúide dímheas carntha, arna choigeartú le haghaidh aon fhorála le haghaidh bearnú. Foráiltear do dhímheas ar gach réadmhaoin, gléasra agus trealamh, ag rátaí a mheastar chun an costas lúide an luach iarmharach measta a bhaineann le gach sócmhainn a dhíscríobh de réir méid chothroim thar a saolré úsáideach mheasta, mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Feabhsú Léasachta - catagóir 1 (móroibreacha athchóirithe ar léas 20 bliain a thosú) | 5% in aghaidh na bliana |
| (ii) | Feabhsú Léasachta - catagóir 2 (feabhsuithe ginearálta ar leagan amach na hoifige) | 25% in aghaidh na bliana |
| (iii) | Trealamh Ríomhaireachta | 33% in aghaidh na bliana |
| (iv) | Gach sócmhainn eile | 25% in aghaidh na bliana |

Léiríonn luach iarmharach an tsuim mheasta a gheofaí faoi láthair dá ndiúscrófaí sócmhainn, i ndiaidh costais mheasta diúscartha a bhaint, má bhí an tsócmhainn ag an aois agus sa bhail a mbeifí ag súil leis ag deireadh a saolré úsáidí cheana féin.

Má tá fianaise oibiachtúil ar bhearnú ar luach na sócmhainne, aithnítear an caillteanas bearnaithe sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe sa bhliain.

### 1g Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil an luach ioncaim gan amúchadh a úsáideach chun críche caipitil.

### 1h Sochair Fostaithe

#### Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha ar nós pá saoire mar speansas sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana sna Suimeanna Iníoctha sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais.

#### Sochair Scoir

D'oibrigh an Biúró na scéimeanna pinsean sochar sainithe seo a leanas dá fhostaithe:

**D'fhostaithe a ceapadh roimh an 1 Eanáir 2013:**

Bhí comhaltaí foirne a ceapadh roimh an 1 Eanáir 2013 ina gcomhaltaí de Scéim Aoisliúntais Foirne Bhiúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais agus bhí an tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais ina chomhalta de Scéim Aoisliúntais Ombudsman agus Leas-Ombudsman Bhiúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais. Bhí an dá scéim aoisliúntais sin bunaithe ar Scéim Samhla na hEarnála Poiblí (an "scéim Samhla") (roimh an scéim aonair) de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus faomhadh an dá scéim le hionstraimí reachtúla an 28 Aibreán 2016.

Maidir leis an dá scéim sin, mhol an Biúró don Roinn Airgeadais gur cheart don Stát freagracht a ghlacadh as an dliteanas do na sochair scoir arna n-íoc faoi na Scéimeanna i gcomaoin íocaíocht bhliantúil céatadáin de thuarastail chomhaltaí na Scéimeanna. Bhí an moladh bunaithe ar an mbonn go mbeadh na ranníocaíochtaí aoisliúntais fostóra agus fostaí ag leibhéal nach mbeadh an Státchiste nochta do dhliteanais a bheadh níos mó ná an t-ioncam a d'fhabhrófaí thar imeacht na mblianta don Státchiste. Rinneadh leasú reachtúil in Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013 ina bhforáiltear go gcuirfí maoiniú Oireachtais ar fáil do na scéimeanna sin. Bhí plé fós ar bun ag deireadh 2017 leis an Roinn Airgeadais maidir leis an moladh sin.

Ar feitheamh chinneadh na Roinne Airgeadais maidir le socruithe molta an mhaoinithe pinsean, cuimsítear ranníocaíochtaí aoisliúntas fostóra sa bhliain mar mhuirear na gcostas sochar scoir sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe. Ríomhtar na ranníocaíochtaí aoisliúntais fostóra mar chéatadán de na tuarastail ábhartha agus tá siad á gcoinneáil ag an mBiúró mar aon leis na ranníocaíochtaí aoisliúntais fostaí. Áirítear sochair scoir agus íocaíochtaí cnapshuime na scéimeanna i gcoinne na ranníocaíochtaí aoisliúntais fostóra agus fostaí coinnithe carntha (feic nóta 10).

**D'fhostaithe a ceapadh i ndiaidh an 1 Eanáir 2013:**

Bhí fostaithe a ceapadh ar/i ndiaidh an 1 Eanáir 2013 ina gcomhaltaí den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair, a thugann pinsin sochair shainithe atá nasctha leis an treoir-phraghas do thomhaltóirí bunaithe ar mheánphá gairme (an "scéim Aonair"). Ceapadh an Biúró mar Údarás Ábhartha faoi I.R. 581 de 2012, chun críche an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 (Uimh. 37 de 2012).

Is scéim neamh-mhaoinithe í an Scéim Aonair a bhfuil a sochair pinsean iníoctha ag an Státchiste. Íocann an fostóir agus an fostaí araon ranníocaíochtaí na Scéime Aonair. Ríomhadh na ranníocaíochtaí aoisliúntais fostóra mar iolra den ranníocaíocht fostaí agus bhí siad á gcoinneáil ag an mBiúró ar feitheamh chinneadh na Roinne Airgeadais ar na socruithe maoinithe le haghaidh scéimeanna aoisliúntais na foirne agus an Ombudsman/an Leas-Ombudsman.

Ó díscaoileadh Biúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais, íocadh na ranníocaíochtaí aoisliúntais fostóra agus fostaí a rinneadh go dtí seo, lena n-áirítear iad siúd a rinneadh in 2013 agus 2017, leis an Roinn Airgeadais, de réir Alt 16(6) den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Léiríonn costais phinsean fhostaithe na Scéime Aonair na sochair pinsean a thuill siad, agus léirítear iad glan ar ranníocaíochtaí aoisliúntais foirne atá á gcoinneáil ag an mBiúró ar feitheamh chinneadh na Roinne Airgeadais ar na socruithe maoinithe molta le haghaidh scéimeanna aoisliúntais fhoireann an Bhiúró agus an Ombudsman/an Leas-Ombudsman. Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha ar dhliteanais na scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa tsócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais.

Léiríonn na ráitis airgeadais, ar luach cóir, na sócmhainní agus dliteanais a eascraíonn as oibleagáidí pinsin an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais i leith fhoireann na Scéime Aonair agus aon mhaoiniú lena mbaineann, agus aithnítear na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta a dtuilleann na fostaithe sin iad. Tomhaistear dliteanais na scéime sochair scoir ar bhonn achtúireach leis an modh creidmheasa aonaid measta.

**Scéim ranníocaíochtaí sainithe pinsin**

Bhí beirt chomhaltaí foirne ina gcomhaltaí de scéim ranníocaíochtaí sainithe pinsin phríobháideach. Rinne an Biúró ranníocaíochtaí aoisliúntais fostóra i leith na scéime sin. Tabhaíodh na suimeanna sin ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe de réir mar a bhí siad dlite (feic nóta 4c). A luaithe is a íocadh na ranníocaíochtaí fostóra, ní raibh aon dliteanas breise ag an mBiúró i leith na scéime sin.

## 1i Suimeanna Infhaighte

Aithnítear suimeanna infhaighte ag a luach cóir, lúide foráil le haghaidh fiacha amhrasacha. Is foráil shonrach í an fhoráil le haghaidh fiacha amhrasacha, agus bunaítear í nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh Biúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais in ann na suimeanna ar fad atá ag dul dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht san fhoráil le haghaidh fiacha amhrasacha sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

## 1j Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe thar shaolré an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn na líne dírí thar thréimhse an léasa, seachas má tá méaduithe cíosa ann a bhaineann leis an ráta measta boilscithe, nuair a aithnítear na méaduithe sin nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear thar shaolré an léasa.

## 1k Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasaíochta

Éilítear ar an lucht bainistíochta, agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas amhail dáta an Ráitis ar Staid an Airgeadais agus na suimeanna a thuairiscítear le haghaidh ioncam agus caiteachas i rith na bliana. Ach mar gheall ar nádúr an mheastacháin, d'fhéadfadh go mbeadh an-difríocht idir na torthaí iarbhír agus na meastacháin sin. Bhí an tionchar is suntasaí ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais ag na breithiúnais seo a leanas

**Bearnú Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh**

Déantar athbhreithniú ar shócmhainní a bhíonn faoi réir amúchadh le haghaidh bearnú nuair a thugann imeachtaí nó athruithe ar chúinsí le fios go bhféadfadh nach mbeadh an tsuim ghlanluacha in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas bearnúcháin don tsuim dá sáraíonn suim ghlanluacha na sócmhainne a suim in-aisghabhála. Is ionann suim in-aisghabhála agus luach cóir sócmhainne lúide costais lena díol agus a luach úsáide, pé acu is mó. Ar mhaithe le bearnú a mheasúnú, cuirtear sócmhainní i ngrúpaí ag na leibhéil is ísle dá bhfuil sreafaí airgid inaitheanta ar leith (aonaid giniúna airgid). Athbhreithnítear sócmhainní neamhairgeadais ar tharla bearnú orthu le haghaidh aisiompú féideartha an bhearnaithe ar gach dáta tuairiscithe.

**Dímheas agus Luachanna Iarmharacha**

D'athbhreithnigh na Stiúrthóirí saolréanna na sócmhainní agus luachanna iarmharacha lena mbaintear na n-aicmí sócmhainní seasta ar fad, agus go háirithe, saolré úsáideach gheilleagrach agus luachanna iarmharacha daingneán agus fearas, agus bhain siad de thátal as sin ar fad go bhfuil na saolréanna sócmhainní agus na luachanna iarmharacha iomchuí.

**Forálacha**

Déanann Biúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais forálacha d'oibleagáidí dlí agus inchiallaithe, a dteastóidh socrú uathu is dócha trí shochar geilleagrach a aistriú agus ar féidir meastachán réasúnta a dhéanamh faoi shuim na hoibleagáide. Bíonn na forálacha sin bunaithe ar eolas stairiúil nó ar eolas ábhartha eile, coigeartaithe do threochtaí le deireanaí nuair is gá. Ach is meastacháin iad ar chostais airgeadais imeachtaí nach dtarlóidh go ceann roinnt mhaith blianta seans. Dá bhrí sin, agus de bharr a mhéad éiginnteachta a bhaineann leis na torthaí deiridh, d'fhéadfadh difríocht shuntasach a bheith idir an toradh iarbhír agus an meastachán.

**Sochair Scoir**

Maidir leis an dá scéim sochar scoir thuasluaite, mhol Biúró an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais don Roinn Airgeadais gur cheart don Stát freagracht a ghlacadh as an dliteanas do na sochair scoir arna n-íoc faoi na Scéimeanna i gcomaoin íocaíocht bhliantúil céatadáin de thuarastail chomhaltaí na Scéimeanna. Go dtí an tráth a n-aistrítear an dliteanas chuig an Stát, d'aithin an Biúró an dliteanas seo ina Ráiteas ar Staid an Airgeadais (feic nóta 10).

## 2. Ioncam Infhaighte

**Tobhach Ioncaim**

Foráiltear in Alt 57 BD de na Rialacháin um Acht an Bhainc Cheannais, 1942 (Comhairle an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais), 2015 (I.R. Uimh. 42 de 2015) d'íocaíocht tobhach ioncaim ó sholáthraithe seirbhísí airgeadais leis an mBiúró ar théarmaí a chinn Comhairle an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais. Leagadh amach an ráta iarbhír don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 sna Rialacháin um Acht an Bhainc Cheannais, 1942 (Comhairle an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais), 2015.

**Ús Bainc**

Is ionann ús bainc agus an tsuim a fuair agus a d'fhabhraigh an Biúró ar chuntais taisce. Ní chaitear le hús a thuilltear ar chuntais bhainc pinsean mar ioncam Biúró (feic nóta 10).

**Is é an t-ioncam don tréimhse:**

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| **Ioncam Tobhaigh** | **€** | **€** |
| Gnólachtaí Árachais | 2,456,470 | 2,425,118 |
| Bainc | 976,427 | 969,830 |
| Comhair Chreidmheasa | 425,521 | 422,224 |
| Idirghabhálaithe | 418,217 | 401,740 |
| Stocbhróicéirí | 120,834 | 108,640 |
| Gach catagóir eile | 27,827 | 26,590 |
| **Iomlán** | **4,425,296** | **4,354,142** |

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| **Ioncam Eile** | **€** | **€** |
| Ús Bainc | 232 | 986 |
| | **232** | **986** |

## 3. Cuntas Caipitil

| | 2017 | | 2016 | |
|---|---|---|---|---|
| | € | | € | |
| Iarmhéid Tosaigh | | 319,226 | | 330,612 |
| Cistí leithdháilte chun sócmhainní seasta a fháil | 633,648 | | 110,136 | |
| Amúchadh de réir Dímheasa | (234,707) | | (121,522) | |
| Aistriú ó/(chuig) an ráiteas ar chuntas ioncaim agus caiteachais | | 398,941 | | (11,386) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | | **718,167** | | **319,226** |

## 4. Costais Riaracháin

| | Nóta | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Tuarastail agus Costais Foirne | 4a | 2,250,299 | 2,016,656 |
| Conraitheoirí | | 594,963 | 364,081 |
| Táillí Dlí | 4c | 495,771 | (32,464) |
| Costais Sochair Scoir | 4d | 385,831 | 333,363 |
| Cíos | | 283,723 | 267,188 |
| Costais Riaracháin Eile | | 149,804 | 124,347 |
| Táillí Ballraíochta & Síntiúis & Cumarsáid | | 87,652 | 69,766 |
| Luach Saothair na Comhairle | | 82,799 | 116,751 |
| Idirghabhálaithe Seachtracha | | 80,163 | 65,801 |
| Drochfhiacha | | 52,761 | 22,497 |
| Táillí Cuntasaíochta | | 49,077 | - |
| Oiliúint Foirne | | 45,780 | 65,148 |
| Cothabháil | | 45,026 | 11,484 |
| Gníomhaíochtaí Eolais | | 42,289 | 33,934 |
| Tacaíocht Sheachtrach | | 40,175 | - |
| Costais Stáiseanóireachta | | 36,925 | 29,675 |
| Árachas | | 34,515 | 32,367 |
| Glanadh | | 24,237 | 18,584 |
| Dlí & Sainchomhairleoireacht Comhairle | | 21,254 | - |
| Earcaíocht | | 19,889 | 18,037 |
| Comhdháil agus Taisteal | | 15,456 | 12,144 |
| Costais eile a bhaineann leis an bhFoireann | 4f | 14,207 | 15,041 |
| Iniúchadh Seachtrach | | 14,000 | 14,000 |
| Éisteacht ó Bhéal | | 10,148 | 31,655 |
| Iniúchadh Inmheánach | | 4,611 | 11,772 |
| Speansais na Comhairle | | 3,078 | 6,251 |
| Láimhseálaithe Cásanna Seachtracha | | 2,460 | 175,356 |
| | | **4,886,893** | **3,823,434** |

## 4a Tuarastail agus Costais Foirne

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tuarastal | 2,045,524 | 1,847,412 |
| Costais ÁSPC Fostóra | 204,775 | 169,244 |
| | **2,250,299** | **2,016,656** |

**Líon Foirne**

Bhí 47 duine fostaithe amhail an 31 Nollaig 2017 (33 in 2016).

**Asbhaintí a Bhaineann le Pinsean**

Baineadh tobhach pinsean €91,303 (2016: €85,556) ó chomhaltaí foirne

## 4b Costais Tuarastail an Ombudsman agus an Leas-Ombudsman

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| **Thosaigh an tOmbudsman 20-04-15** | € | € |
| Tuarastal | 145,850 | 143,640 |
| Ranníocaíochtaí Pinsin | 36,462 | 35,910 |
| | **182,312** | **179,550** |

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| **Thosaigh an Leas-Ombudsman 22-01-16** | € | € |
| Tuarastal | 109,032 | 97,193 |
| Ranníocaíochtaí Pinsin | 24,279 | 20,733 |
| | **133,311** | **117,926** |

**Cuimsítear leis an bpríomhphearsanra bainistíochta**

- Ger Deering, an tOmbudsman um Sheirbhísí Airgeadais
- Elaine Cassidy, an Leas-Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais
- Diarmuid Byrne, Stiúrthóir na Seirbhíse Réitigh Díospóidí
- MaryRose McGovern, An Stiúrthóir Breithnithe agus Seirbhísí Dlí
- Tara McDermott, an Stiúrthóir Seirbhísí Imscrúdaithe agus Faisnéise

Ba é an luach saothair iomlán a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta €612,262.

**Íocaíochtaí Breise**

Léirítear sna híocaíochtaí tuarastail thuas an luach saothair iomlán a fuair an tOmbudsman agus an Leas-Ombudsman, ní bhfuair siad aon íocaíochtaí eile. Tá an tOmbudsman ina chomhalta den Scéim Aoisliúntais. Feic Nóta 10. Toisc go bhfuil an Leas-Ombudsman reatha ar iasacht ón Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, tá sí fós ina comhalta de Scéim Aoisliúntais a máthair-Roinne.

**Íocaíochtaí Foirceanta**

Ní raibh aon íocaíochtaí foirceanta sa bhliain.

## 4c Táillí Dlí

Áiríodh le Costais Dlí a aisghabhadh i dtáillí dlí €64,408 (2016: €20,500).

### 4d Costais Sochair Scoir

Mar a phléitear i mbeartas cuntasaíochta 1(h), ní aithníonn an Biúró an dliteanas sochar scoir maidir leis na scéimeanna sochair shainithe don fhoireann agus don Ombudsman. Leagtar amach sa tábla thíos an dliteanas maidir leis na costais riachtanacha a bhaineann leis na scéimeanna pinsean a mhaoiniú:

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ranníocaíocht Fostóra - Scéim Aoisliúntais Foirne | 360,174 | 303,168 |
| Costais Ranníocaíocht Fostóra - Scéim Aonair | - | - |
| Costais Phinsean - Eile | 21,432 | 3,855 |
| Costais Phinsean Foirne - Scéim Sochair Shainithe | 12,807 | 12,835 |
| (Ioncam)/costas pinsean ó fhoireann ar iasacht | (8,582) | 13,505 |
| | **385,831** | **333,363** |

### 4e Áirítear le Costais Riaracháin Eile

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Muirear Seirbhíse | 65,336 | 65,337 |
| Muirir Stórála | 29,128 | 22,571 |
| Ceannacháin TF | 45,972 | 29,921 |
| Cúiréir | 693 | 1,071 |
| Muirir Bhainc | 8,675 | 1,074 |
| Ilghnéitheach | - | 4,373 |
| | **149,804** | **124,347** |

### 4f Costais eile a bhaineann leis an bhFoireann

Áirítear speansas bainteach leis na soláthairtí bialainne (€7,285) agus leas foirne (€6,922) a sholáthar le Costais eile a bhaineann leis an bhFoireann.

## 5. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

| | Trealamh Ríomhaireachta | Daingneáin, Troscán agus Trealamh Oifige | Feabhsuithe Léasachta | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| **Costas** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2017 | **464,846** | **241,100** | **650,569** | **1,356,515** |
| Breiseanna i rith na tréimhse | 34,968 | 20,800 | 577,880 | 633,648 |
| Diúscairtí i rith na tréimhse | - | - | - | - |
| Amhail an 31 Nollaig 2017 | **499,814** | **261,900** | **1,228,449** | **1,990,163** |
| **Dímheas Carntha** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2017 | **419,661** | **221,488** | **396,140** | **1,037,289** |
| Muirear i gcomhair na tréimhse | 41,731 | 12,196 | 180,780 | 234,707 |
| Diúscairtí i rith na tréimhse | - | - | - | - |
| Amhail an 31 Nollaig 2017 | **461,392** | **233,684** | **576,920** | **1,271,996** |
| **Glanluach de réir na Leabhar** | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2017 | **38,422** | **28,216** | **651,529** | **718,167** |
| Amhail an 31 Nollaig 2016 | **45,185** | **19,612** | **254,429** | **319,226** |

Tugadh faoi fheabhsuithe léasachta chun an cónascadh le hOifig an Ombudsman Pinsean, i measc nithe eile, a éascú.

## 6. Airgead sa bhanc

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Airgead agus coibhéisí airgid | 401,423 | 342,950 |
| Cuntais taisce bainc | 7,264,068 | 7,490,503 |
| | **7,665,491** | **7,833,453** |

## 7. Réamhíocaíochtaí agus Ioncam Fabhraithe

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Suimeanna Infhaighte | 104,172 | 110,867 |
| Réamhíocaíochtaí | 10,353 | 19,588 |
| Soláthar i gcomhair Drochfhiach | (83,611) | (30,851) |
| | **30,914** | **99,604** |

## 8. Dliteanais Reatha

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Suimeanna Iníoctha | 667,646 | 395,638 |
| Ranníocaíochtaí Pinsin (nóta 10) | 5,257,119 | 4,844,500 |
| | **5,924,765** | **5,240,138** |

## 9. Foráil do Sheirbhísí Dlí

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Foráil Tosaigh | 467,141 | 951,289 |
| Foráil bhreise i rith na tréimhse (feic nóta 12) | 374,634 | 165,728 |
| Íoctha i rith na tréimhse | (119,037) | (432,153) |
| Coigeartú leis an bhforáil tosaigh | 1,507 | (217,723) |
| **Foráil Deiridh** | **724,245** | **467,141** |

## 10. Aoisliúntas – scéimeanna aoisliúntais na Foirne agus an Ombudsman/an Leas-Ombudsman

Maidir le scéimeanna aoisliúntais na foirne agus an Ombudsman/an Leas-Ombudsman araon, mhol an Biúró don Roinn Airgeadais gur cheart don Stát freagracht a ghlacadh as an dliteanas do na sochair scoir arna n-íoc faoi na Scéimeanna i gcomaoin íocaíocht bhliantúil céatadáin de thuarastail chomhaltaí na Scéimeanna. Tá an moladh bunaithe ar an bprionsabal go mbeadh na ranníocaíochtaí aoisliúntais fostóra agus fostaí ag leibhéal nach mbeadh an Státchiste nochta do dhliteanais a bheadh níos mó ná an t-ioncam a d'fhabhrófaí thar imeacht na mblianta don Státchiste. Rinneadh leasú reachtúil, a achtaíodh agus a síníodh ina dhlí an 11 Iúil 2013, in Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013 ina bhforáiltear go gcuirfí maoiniú Oireachtais ar fáil don dá scéim sin. In 2018 rinne an tOmbudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean iarratas foirmiúil leis an Roinn Airgeadais machnamh a dhéanamh ar aistriú na ndliteanas don dá Scéim. D'fhreagair an Roinn le hiarratais ar fhaisnéis bhreise, a chuir an OSAP ar fáil. Tá plé fós ar bun leis an Roinn Airgeadais maidir leis an moladh thuasluaite.

Ar feitheamh chinneadh na Roinne Airgeadais maidir le socruithe molta an mhaoinithe pinsean, cuimsítear ranníocaíochtaí aoisliúntas fostóra sa bhliain mar na costais sochar scoir sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe. Ríomhtar na ranníocaíochtaí aoisliúntais fostóra mar chéatadán de na tuarastail ábhartha, suim €360,174 in 2017 (2016: €303,168).

Is é an dliteanas pinsean don dá scéim sin amhail an 31 Nollaig 2017 €7,527,000 (2016: €8,892,000). Ní léirítear an dliteanas pinsean do na scéimeanna sin sna ráitis airgeadais seo agus tá sé bunaithe ar luacháil achtúireach a rinne achtúire cáilithe leis na toimhdí airgeadais thíos chun críche FRS 102.

**Ba iad na príomhthoimhdí airgeadais a úsáideadh:**

| | 31-Noll-17 | 31-Noll-16 |
|---|---|---|
| Ráta lascaine | 2.1% | 2.0% |
| Ráta méadaithe ar thuarastail | 3.3% | 3.3% |
| Ráta méadaithe ar phinsin | 2.8% | 2.8% |
| Boilsciú | 1.8% | 1.8% |

Tá na ranníocaíochtaí aoisliúntais fostóra agus fostaí agus suimeanna faighte i leith na dteidlíochtaí a ghéill fostaithe aistrithe do na scéimeanna aoisliúntais sin á gcoinneáil ag an mBiúró ar feitheamh chinneadh na Roinne Airgeadais ar na socruithe maoinithe le haghaidh na scéimeanna aoisliúntais. Áirítear sochair scoir agus íocaíochtaí cnapshuime na scéimeanna i gcoinne na ranníocaíochtaí aoisliúntais fostóra agus fostaí coinnithe carntha. B'ionann suim charntha na ranníocaíochtaí aoisliúntais coinnithe lúide sochair pinsean agus íocaíochtaí cnapshuime amhail deireadh Nollaig 2017 agus €5,257,119 (2016: €4,844,500), a thaifeadtar mar dhliteanas reatha (feic nóta 8).

**Cuntas Pinsean Creidiúnaí**

feitheamh chinneadh na Roinne Airgeadais maidir le socruithe maoinithe mar a phléitear thuas, déantar anailís ar shuimeanna atá á gcoinneáil le híoc leis an Roinn Airgeadais mar seo a leanas:

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iarmhéid Tosaigh | 4,844,500 | 4,525,664 |
| Ranníocaíochtaí Fostaithe | 120,845 | 105,368 |
| Ranníocaíochtaí Fostóra | 443,544 | 365,578 |
| Ús Bainc (Cuntas Pinsean) | 293 | 108 |
| Lúide: pinsin íoctha | (152,063) | (152,218) |
| | **5,257,119** | **4,844,500** |

## 10a Aoisliúntas – Foireann na Scéime Aonair

Anailís ar na costais sochair scoir iomlána a thabhaítear ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe i leith na gcomhaltaí foirne ar comhaltaí iad den Scéim Aonair.

**An Scéim Pinsean Aonair**

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ranníocaíochtaí Fostóra Iomlána | 83,370 | 62,411 |
| Costais Seirbhíse Reatha* | 140,000 | 30,000 |
| Costais Úis | 6,000 | 3,000 |
| Coigeartuithe ar Mhaoiniú Pinsean Státchiste Iarchurtha | (146,000) | (33,000) |
| Iomlán tabhaithe ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe | **83,370** | **62,411** |

* Áiríodh ranníocaíochtaí fostaí sa ríomh ar fhigiúr na gcostas seirbhíse reatha.

Chinn an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, bunaithe ar bhreithnithe achtúireacha agus de bhun alt 16 (4) den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012:

- tá ranníocaíocht fostóra le híoc i leith comhaltaí áirithe de scéim Pinsean Aonair na hEarnála Poiblí agus
- tá ráta na ranníocaíochta Fostóra sin comhionann le trí hoiread na ranníocaíochta fostaí a íocann comhalta de chuid na scéime aonair..

Caithfidh comhlachtaí na seirbhíse poiblí ranníocaíochtaí fostóra a íoc má tá na comhlachtaí sin á maoiniú go hiomlán nó go príomha ó fhoinsí seachas go díreach nó go hindíreach ón bPríomhchiste.

Mar chomhlacht poiblí féin-mhaoinithe, léiríonn an tsuim €140,000 dliteanas an BOSA do ranníocaíochtaí fostóra le scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí. Níor íocadh an tsuim dlite leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe fós agus tá sé san áireamh i suimeanna iníoctha (Nóta 8).

### 10b Gluaiseacht sna glanoibleagáidí le sochar sainithe i rith na bliana airgeadais

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Glandliteanas Pinsean amhail an 1 Eanáir | 155,000 | 96,000 |
| Costais Seirbhíse Reatha | 140,000 | 30,000 |
| Costais Úis | 6,000 | 3,000 |
| Caillteanais/(gnóthachain) taithí ar dhliteanais scéime | 27,000 | (2,000) |
| Athruithe ar thoimhdí | (11,000) | 28,000 |
| Iomlán tabhaithe ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe | **317,000** | **155,000** |

### 10c Maoiniú iarchurtha le haghaidh sochair scoir

Aithníonn an Biúró na suimeanna sin mar shócmhainn a chomhfhreagraíonn don dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe le haghaidh sochair scoir ar bhunús na dtoimhdí a ndéantar cur síos orthu thuas, agus roinnt imeachtaí roimhe sin. Áirítear leis na himeachtaí sin bonn reachtúil do bhunú na scéime sochar scoir, agus an beartas agus cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin na seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí fostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil.

### 10d Oibleagáidí le sochar sainithe)

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Oibleagáidí le sochar sainithe | 317,000 | 155,000 |
| | **317,000** | **155,000** |

## 11. Ceangaltais Airgeadais

Ní raibh aon cheangaltais chaipitil ann le haghaidh caiteachas caipitil amhail an 31 Nollaig 2017.

## 12. Dliteanais Theagmhasacha / Caingne Dlí

Bíonn cinntí an Ombudsman ina gceangal de réir an dlí ar pháirtithe gearáin, ach is féidir leis an ngearánach nó an soláthraí seirbhísí airgeadais freagróra achomharc a dhéanamh leis an Ard-Chúirt faoi chinneadh. Is féidir agóid a dhéanamh in aghaidh Cinnidh san Ard-Chúirt freisin ar Mhodh Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh. D'fhoráil an Chomhairle do chostais a bhfuiltear ag súil leo maidir leis na hachomhairc ar fad a fógraíodh di, amhail an 31 Nollaig 2017 (feic Nóta 9). Níor fhoráil an Chomhairle d'aon achomhairc eile ná d'imeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh a d'fhéadfaí a fhógairt di amach anseo, i leith Cinntí a eisíodh faoin 31 Nollaig 2017. Ní féidir meastachán iontaofa a thabhairt ar leibhéal measta imeachtaí cúirte dá leithéid ná na costais dlí lena mbainfeadh. Athraíonn an líon achomharc ó bhliain go bliain; amhail deireadh na bliana 2017, bhí seacht n-achomharc ar láimh san Ard-Chúirt, mar aon le cás amháin os comhair na Cúirte Achomhairc, agus cás amháin eile faoi chostais os comhair na Cúirte Uachtaraí. Cuireadh foráil dar iomlán €724,245 ar fáil ag deireadh na bliana, chun freastal ar chaiteachas measta na gcaingne dlí sin.

## 13. Comhaltaí Comhairle – nochtadh leasanna

Ghlac an Chomhairle le nósanna imeachta de réir treoirlínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasanna na gcomhaltaí Comhairle agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin i rith na tréimhse. Ní raibh aon idirbhearta sa bhliain i leith ghníomhaíochtaí na Comhairle ina raibh leas tairbhiúil ag na comhaltaí Comhairle.

## 14. Ceanglas Léasa

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Dlite laistigh de bhliain amháin | 333,940 | 272,364 |
| Dlite laistigh de dhá bhliain go cúig bliana | 1,335,760 | 1,089,456 |
| Dlite i ndiaidh cúig bliana | 1,085,305 | 1,361,820 |
| Caillteanais/(gnóthachain) taithí ar dhliteanais scéime | **2,755,005** | **2,723,640** |

**Cóiríocht**

Oibríonn an Biúró ó áitreabh amháin ar an tríú agus ceathrú hurlár (ó mhí an Mhárta 2013) i dTeach Lincoln, Plás Lincoln, Baile Átha Cliath 2. Tá léas fiche bliain (a tosaíodh in 2006) ag an spás oifige ar an tríú hurlár. Tá léas 11 bhliain, 1 mhí agus 15 lá (a tosaíodh i mí an Mhárta 2015) ag an spás oifige reatha ar an gceathrú hurlár.

Is é costas bliantúil na léasanna, lúide an muirear seirbhíse, €330,200.

## 15. Luach Saothair na Comhairle

| | | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Maeve Dineen | An Cathaoirleach (ceaptha 09-01-17) | 20,769 | |
| Dermott Jewell (nóta 15a) | Comhalta Comhairle (athcheaptha 09-01-17) | 12,115 | 18,084 |
| Elizabeth Walsh | Comhalta Comhairle (athcheaptha 09-01-17) | 12,115 | 10,548 |
| Ken Murnaghan | Comhalta Comhairle (ceaptha 20-01-16) | 12,600 | 11,793 |
| Deborah Reidy | Comhalta Comhairle (ceaptha 20-01-16) | 12,600 | 11,793 |
| Valerie Bowens | Comhalta Comhairle (ceaptha 20-01-16) | 12,600 | 11,793 |
| Don Gallagher | Comhalta Comhairle (ceaptha 09-01-2017) | - | - |
| Anthony Kerr | Comhalta Comhairle (ar scor 28-10-2016) | - | 10,548 |
| Caitríona Ní Charra | Comhalta Comhairle (ar scor 28-10-2016) | - | 10,548 |
| Frank Wynn | Comhalta Comhairle (ar scor 28-10-2016) | - | 10,548 |
| Michael Connolly | Comhalta Comhairle (ar scor 28-10-2016) | - | 10,548 |
| Paddy Leydon | Comhalta Comhairle (ar scor 28-10-2016) | - | 10,548 |
| | | **82,799** | **116,751** |

### 15a Cathaoirleach na Comhairle

Bhí Dermott Jewell ina Chathaoirleach ar an gComhairle go dtí gur ceapadh Maeve Dineen an 9 Eanáir 2017.

### 15b Cathaoirleach na Comhairle

Déantar miondealú ar na speansais taistil agus chruinnithe a íocadh leis an gCathaoirleach agus leis na Comhaltaí Comhairle mar seo a leanas:

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Speansais Taistil | 1,330 | 4,790 |
| Speansais Chruinnithe | 1,494 | 1,461 |
| | **2,824** | **6,251** |

## 16. Idirbhearta Páirtí Ghaolmhair

Níor tuairiscíodh aon idirbhearta páirtí ghaolmhair i rith na bliana atá á hathbhreithniú.

## 17. Imeachtaí ina Dhiaidh Sin (Cónascadh leis an Ombudsman Pinsean)

In 2013, cuireadh tús le hobair chun an Biúró a chónascadh leis an Ombudsman Pinsean. Theastaigh bunreachtaíocht chun an cónascadh a chur i bhfeidhm. Cuireadh an cónascadh i gcrích an 1 Eanáir 2018. Ní mheasann an Biúró go dteastaíonn aon choigeartú ábhartha ar na ráitis airgeadais chun an cinneadh a chur san áireamh agus dá bhrí sin leantar ag ullmhú na ráiteas airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh.

## 18. Na Ráitis Airgeadais a Fhaomhadh

D'fhaomh an tOmbudsman Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean na Ráitis Airgeadais ar an 20 Samhain 2018.